

Tuarascáil an Chomhordaitheora Teanga 2014

Language Co-ordinator's Report 2014

Siobhán Ní Phiotáin

Comharchumann Forbartha Ionad
Deirbhile Eachléim, Co. Mhaigh Eo

Clár Ábhair

Achoimre Fheidhmeach	3
1.0 Réamhrá	5
Forléargas ar aidhmeanna agus cuspóirí an tionscadail	
2.0 Cur Síos ar Idirghabhálacha Pleanála Teanga	7
1. Úsáid na Gaeilge a mhéadú i measc eagraíochtaí éagsúla i bParóiste Bhéal an Mhuirthead agus i bParóiste na Cille Móire	7-9
2. Úsáid na Gaeilge a mhéadú i measc na hóige	9-11
3. Úsáid na Gaeilge a mhéadú i measc an phobail i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla	11-12
4. An Ghaeilge a sheachadadh ó ghlúin go glúin	12-13
Conclúid	14
Leabharliosta	15
Aguisín 1: Liosta na n-eagraíochtaí a ghlac páirt sa scéim i 2014	17
Aguisín 2: Bileoga Treoracha	17
1. Scéim Teanga le heagraíochtaí áitiúla	18
1.1 Eagraíochtaí a mhealladh chun na scéime teanga & an próiseas insealbhaithe	19
1.2 Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil	21
1.3 Seimineár eolais do rannpháirtithe	22
1.4 Lón le Gaeilge	24
1.5 Acmhainní teanga a ullmhú d'eagraíochtaí	25
2. An Ghaeilge i measc na hóige	28
2.1 Tionscal scríbhneoireachta i gcomhar le Erris Eye	29
2.2 Féile drámaíochta na scoileanna	30
2.3 Ceolchoirm Ghaeilge	32
2.4 Seisiún cluichí sna bunscoileanna	33
2.5 Club óige na Cille Móire	34
3. Seachadadh na teanga ó ghlúin go glúin	36
3.1 Bailiú Seanchais	37
3.2 Coiste tuismitheoirí & páistí a chur ar bun	39
3.3 Lá spraoi do theaghlaigh	40
3.4 Deireadh seachtaine do theaghlaigh	42
3.5 Seisiún scéalaíochta do pháistí	44
4. Imeachtaí Gaeilge sa phobal	46
4.1 Ciorcal comhrá	47
4.2 Dráma Gaeilge a dhéanamh	48
4.3 Club sóisialta Gaeilge	49
4.4 Oíche airneáin	50
4.5 Imeachtaí sóisialta a réachtáil trí Ghaeilge	51
Aguisín 3: Acmhainní Samplacha	52
Aguisín 4: Féilire Bliantúil	53

Achoimre Fheidhmeach

Ceapadh comhordaitheoir teanga do pharóistí na Cille Móire agus Bhéal an Mhuirthead (i. ceantar feidhme an tionscadail) go páirtaimseartha ag tús 2014 agus mar sprioc aici tús oifigiúil a chur le cúrsaí pleanála teanga sa cheantar ar bhonn piolótach. Seo í an chéad uair ariamh go raibh duine ceapaithe go sonrach chun comhordú agus bainistíocht a dhéanamh ar chúrsaí pleanála teanga sa cheantar.

Leagadh na haidhmeanna seo a leanas amach ag tús an tionscadail:

- Leas a bhaint as an tuarascáil a réitigh saineolaí sa phleanáil teanga, dar teideal Moltaí maidir le plean teanga do Cheantar na hEachléime (Ní Dhúda 2012) mar threoircháipéis chun an obair a leagan amach.
- Tabhairt faoi cheantar feidhme an tionscadail mar cheantar piolótach chun sraith gníomhaíochtaí agus idirghabhálacha pleanála teanga a eagrú, a thástáil agus a fheabhsú.
- Gníomhaíochtaí a fhorbairt a bheidh in oiriúint don phróiseas pleanála teanga atá leagtha amach faoi *Acht na Gaeltachta 2012*.
- Liosta de na heagraíochtaí éagsúla sa cheantar feidhme a chur i dtoll a chéile.
- Cuireadh a thabhairt do roinnt eagraíochtaí páirt a ghlacadh i scéim dheonach pleanála teanga.
- Bualadh leis na heagraíochtaí atá rannpháirteach sa scéim uair sa ráithe chun dul chun cinn a phlé agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm.
- Deacrachtaí agus dúshlán a aithint.
- Acmhainní agus gníomhaíochtaí a mholadh chun dul i ngleic le deacrachtaí agus dúshlán.
- Traenáil a chur ar fáil, de réir mar is gá, d'eagraíochtaí éagsúla.
- Imleabhar de bhileoga treoracha a réiteach bunaithe ar an taithí agus na tástálacha sin.

Baineadh amach na príomhéachtaí seo a leanas:

- Cuireadh tús le scéim dheonach pleanála teanga do ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí sa cheantar feidhme. Bhí 25 eagraíocht páirteach sa scéim faoi dheireadh 2014.
- Cuireadh struchtúr tacaíochta ar bun agus ar fáil do ghnólachtaí agus eagraíochtaí ar mhaith leo páirt a ghlacadh i gcúrsaí pleanála teanga sa cheantar.
- Bunaíodh líonra agus córas cumarsáide, agus cruthaíodh gaol maith oibre idir cinnirí teanga sna heagraíochtaí agus an comhordaitheoir teanga.
- Cuireadh go mór le feasacht agus tuiscintí ag leibhéal na n-eagraíochtaí maidir le buntáistí agus tairbhe na Gaeilge do ghnólachtaí agus eagraíochtaí an cheantair.
- Cruthaíodh stór acmhainní thar a bheith fairsing (bunaithe ar réimse leathan idirghabhálacha) a bhféadfaí a fhorbairt in imeacht ama agus oibre agus a bhféadfaí a úsáid i gceantair chomhchosúla eile.
- Réitíodh corpas de bhileoga treoracha (bunaithe ar thaithí agus ar thaighde) ar a bhfuil mionchur síos ar eagrú, reáchtáil agus feabhsú gníomhaíochtaí pleanála teanga i bpobal Gaeltachta. D'fhéadfaí leas a bhaint as an obair seo i gceantair eile. Táthar ag súil leis go gcuirfear go mór leis an obair seo in imeacht ama.
- Cuireadh córas monatóireachta ar bun agus rinneadh taighde leanúnach ar chur i bhfeidhm na scéime.

Tá trí chuid sa tuarascáil seo:

- (i) Tuarascáil an chomhordaitheora teanga 2014, ar a bhfuil cur síos ar obair an chomhordaitheora, gníomhaíochtaí a tugadh fúthu le linn na scéime chomh maith le moltaí áirithe.
- (ii) Bileoga treoracha dírithe ar na réimsí gnímh agus/nó na spriocghrúpaí seo a leanas: (i) scéim teanga le heagraíochtaí áitiúla (ii) an Ghaeilge i measc na hóige (iii) seachadadh na teanga ó ghlúin go glúin (iv) imeachtaí Gaeilge sa phobal.
- (iii) Aistriúchán Béarla den tuarascáil agus de na bileoga treoracha.


Maidir leis na bileoga treoracha, ní mór na pointí seo a leanas a choinneáil ar intinn i gcónaí:

- Tugtar léargas ar an gcineál oibre a bhí idir lámha an chomhordaitheora le linn 2014. D'fhéadfadh comhordaitheoirí nó ceantair eile an-leas a bhaint as an obair nó as an bhfoinse luachmhar seo.
- Mar sin féin, tá chuile chás éagsúil agus caithfidh chuile ghrúpa a chúinsí féin a scrúdú go mion sula dtéann siad i mbun ghnímh, ionas go mbeidh siad in ann an ghníomhaíocht a mhúnlú chun a shástachta féin bunaithe ar a staid teanga agus a riachtanais reatha. (Ní Dhúda, 2014).
- Tá géarghá le taighde roimh ré chun an staid reatha agus na riachtanais a mheas. Ní mór do chuile ghrúpa pleanáil a dhéanamh roimh ré chun aidhmeanna, spriocanna, córas monatóireachta cuí a leagan amach dóibh féin.
- Moltar aghaidh a thabhairt ar dheiseanna úsáide Gaeilge agus deiseanna foghlama Gaeilge a bhfuil suim ag an bpobal iontu agus/nó gníomhaíochtaí a bhfuil éileamh orthu go háitiúil.
- Caithfear spreagthaí mealltacha a chruthú go soiléir ag an am céanna .i. tá sé tábhachtach gan ghlacadh leis go dtapófar na deiseanna. Teastaíonn cur chuige seiftiúil chun dul i gcion ar an bpobal agus iad a mhealladh chun deiseanna a thapú (m.sh comórtas a reáchtáil, duaiseanna a bhronnadh agus mar sin de). (Ní Dhúda, 2014)
- Moltar gan glacadh leis go dtarlóidh úsáid na Gaeilge 'go nádúrtha' le linn aon ghníomhaíochta. Ní mór áisitheoirí nó cinnirí teanga a cheapadh chun bainistiú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge le linn na hócáide.

An Dr. Laoise Ní Dhúda

Ar son Chomharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim Teo.

Réamhrá



Réamhrá

Cheap Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim Teo.¹ comhordaitheoir teanga i mí Feabhra 2014 mar chuid de na hiarrachtaí pleanála teanga Gaeilge atá ar siúl go leanúnach ag an gComharchumann le roinnt blianta anuas. Is ag Fiontar Comhraic Teo. a bhí an togra maoinithe. Bhí an comhordaitheoir fostaithe trí lá sa tseachtain ó mhí Feabhra go mí na Nollag 2014. Ba é an príomhchúram a bhí ar an gcomhordaitheoir ná scéim phíolótach Ghaeilge a chur i bhfeidhm le gnólachtaí agus eagraíochtaí áitiúla i bParóiste na Cille Móire agus i bParóiste Bhéal an Mhuirthead, ag baint úsáide as an lámhleabhar An Ghaeilge: Cén Fáth? (Ní Dhúda, 2013).

Anuas ar sin, aontaíodh go mbeadh an comhordaitheoir ag díriú ar spriocanna éagsúla atá leagtha amach i bPlean Teanga na hEachléime (2013-2016) agus plean bliana CFID maidir le húsáid na Gaeilge a mhéadú i measc ghrúpaí éagsúla sa phobal. Tugtar eolas sa tuarascáil seo maidir le gníomhaíochtaí a tugadh fúthu le linn thréimhse an cheapacháin chomh maith le nithe a tugadh faoi deara agus moltaí atá déanta ag an gcomhordaitheoir maidir le comhlíonadh spriocanna CFID i leith na Gaeilge.

Forléargas ar aidhmeanna agus cuspóirí an tionscadail

1. Úsáid na Gaeilge a mhéadú i measc eagraíochtaí éagsúla i bParóiste Bhéal an Mhuirthead agus Paróiste na Cille Móire
 - Tús a chur le feidhmiú scéim teanga i measc eagraíochtaí an cheantair: go n-oibreodh an comhordaitheoir mar mheantóir d'eagraíochtaí éagsúla atá ag iarraidh seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil agus plean teanga dá gcuid féin a réiteach, ag baint úsáide as an lámhleabhar pleanála teanga An Ghaeilge: Cén fáth? (Ní Dhúda, 2013).
2. Úsáid na Gaeilge a mhéadú i measc na hóige i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla
 - Naisc a láidriú leis na scoileanna áitiúla le tacú leo i gcur chun cinn na Gaeilge neamhfhoirmiúil.
 - Féachaint ar fhéidearthachtaí maidir le himeachtaí and tionscadail spráíúla a reáchtáil idir na scoileanna éagsúla m.sh. comórtais, ceolchoirmeacha srl.
 - Oibriú leis an gclub óige le taighde a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge sa chlub agus chuige sin, féachaint ar bhealaí le baill an chlub a mhéadú, cur le torthaí foghlamtha na mball agus úsáid na Gaeilge a mhealladh ina measc.
3. Úsáid na Gaeilge a mhéadú i measc an phobail i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla
 - Deiseanna labhartha Gaeilge a chruthú i measc an phobail trí imeachtaí Gaeilge a reáchtáil ar bhonn rialta.
 - Moltaí a thabhairt maidir le deiseanna labhartha Gaeilge a mhéadú i measc mhuintir an phobail.
4. An Ghaeilge a sheachadadh ó ghlúin go glúin
 - Cuir le hiarrachtaí caomhnaithe na canúna áitiúla atá ar siúl ag CFID le roinnt blianta anuas trí féachaint ar bhealaí le seanchas agus saibhreas cainte na gcainteoirí áitiúla a bhailiú agus a thairfeadh.
 - Féachaint ar bhealaí le seirbhísí tacaíochta Gaeilge a mhéadú do theaghlaigh.

1. Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile, Eachléim, Co. Mhaigh Eo. Úsáidfear CFID tríd síos ar mhaithe le héascaíocht.

Cur Síos ar Idirghabhálacha Pleanála Teanga



Cur Síos ar Idirghabhálacha Pleanála Teanga

1. Úsáid na Gaeilge a mhéadú i measc eagraíochtaí éagsúla i bParóiste Bhéal an Mhuirthead agus i bParóiste na Cille Móire

Cur Síos

Bunaithe ar mholtaí a leagadh síos i bPlean Teanga na hEachléime (Ní Dhúda, 2012), réitíodh lámhleabhar in 2013 a bheadh mar uirlis thacaíochta d'eagraíochtaí an cheantair a bplean teanga féin a réiteach agus a fheidhmiú (Ní Dhúda, 2013). Le linn thréimhse an cheapacháin thosaigh an comhordaitheoir ag obair le heagraíochtaí áitiúla an cheantair, idir ghnólachtaí agus eagraíochtaí pobail ag úsáid an lámhleabhair mar uirlis leis an bpróiseas pleanála teanga a éascú. Seo thíos eolas ar na rudáí a tugadh faoi deara agus a baineadh amach le linn na thréimhse sin agus moltaí maidir leis an scéim don todhcháí.

Cur Chuige

Le linn na thréimhse (Feabhra - Nollaig 2014), cuireadh tús leis an scéim dheonach pleanála teanga i measc ghnólachtaí agus eagraíochtaí an cheantair. Thug an comhordaitheoir cuairt ar réimse leathan eagraíochtaí i gceantar na hEachléime agus i gceantar Bhéal an Mhuirthead. Rinneadh seisiúin mhíniúcháin leis an oifigeach teanga nua-cheaptha i bhformhór na n-eagraíochtaí sin agus tá cuid acu ag úsáid an lámhleabhair teanga. Tá caidreamh cruthaithe leis na heagraíochtaí atá rannpháirteach agus tá meantóireacht agus tacaíocht curtha ar fáil dóibh. Is gá cuairt a thabhairt ar na heagraíochtaí uair sa ráithe le dul chun cinn na hoibre a phlé. Tá liosta iomlán na n-eagraíochtaí curtha ar fáil ag an gcomhordaitheoir do CFID le hainmneacha na dteagmhálaithe srl. Tá an liosta sin ar fáil in aguisín na tuarascála seo. (Aguisín 1).

Torthaí foghlamtha agus Moltaí

Acmhainní Teanga

Tá acmhainní tacaíochta teanga cruthaithe do na heagraíochtaí chun cuidiú leo úsáid na Gaeilge a éascú san

eagraíocht. Níl anseo ach an chéad chéim áfach. Beidh gá le tuilleadh acmhainní a chruthú faoi mar a théann an t-am ar aghaidh (m.sh. cúrsaí Gaeilge). Is iad na hacmhainní tacaíochta atá cruthaithe go nuige seo ná frásaí úsáideacha, liostaí stór focal, comhráite samplacha. Tá samplaí de na hacmhainní sin ar fáil in aguisín na tuarascála seo. (Aguisín 3).

Comharthaíocht

Tuigeann go leor de na rannpháirtithe an luach atá le comharthaíocht Ghaeilge a bheith feiceálach sa timpeallacht ghnó. Tá sé ráite ag cuid de na gnólachtaí a bhaineann le sreang gnó (m.sh. Spar, Banc na hÉireann srl.) go gcuirfidh siad comharthaíocht dhátheangach ar fáil go luath. Ba cheart féidearthachtaí maidir le comharthaíocht Ghaeilge a úsáid a fhiosrú i gcónaí le go mbeadh an Ghaeilge chomh feiceálach agus is féidir san eagraíocht. Ní mór seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil más gá freisin.

Acmhainní priontáilte dátheangacha

Tá acmhainní priontáilte (m.sh. biachláir, póstaer, bileoga eolais) cruthaithe agus in úsáid i dtír eagraíocht go dtí seo. Tá sé ráite ag bainisteoir i gceann de na hóstáin go bhfuil siad sásta biachlár Gaeilge / dátheangach a bheith acu sa todhcháí.

Oiliúint agus Meantóireacht don Chomhordaitheoir Teanga

Rachadh sé go mór chun tairbhe na scéime dá gcuirfi oiliúint agus meantóireacht ar fáil don chomhordaitheoir teanga féin ó thús an cheapacháin. Moltar na tacaíochtaí seo a leanas a chur ar fáil dó/di sa todhcháí:

- Seisiúin oiliúna le comhairleoir pleanála teanga thar cúpla lá ar an bpleanáil teanga i gcoitinne agus ar mheantóireacht a chur ar fáil d'eagraíochtaí.
- Spriocanna soiléire réadúla a leagan síos don bhliain i dtaca leis na réimsí éagsúla den phleanáil teanga a bheidh faoina c(h)úram.

- Meantóireacht leanúnach a chur ar fáil don chomhordaitheoir teanga (m.sh. cruinnithe uair sa mhí nó mar sin) le dul chun cinn na hoibre agus na scéime a phlé agus le dul i ngleic le fadhbanna a thagann chun cinn.
- Ba cheart plean a aontú idir an chomhairleoir pleanála teanga, an chomhordaitheoir agus an chomharchumann

Poiblíocht agus margáíocht don scéim

- Ba chóir ábhair phoiblíochta a dhearadh don scéim seo chomh luath agus is féidir. Tabharfaidh sé seo le fios go bhfuil eagraíocht faoi leith páirteach sa scéim agus is mó seans go spreagfaidh sé na custaiméirí le Gaeilge a labhairt do bhall foirne na heagraíochta .
- Ba cheart teideal a thabhairt ar an scéim - m.sh. ‘Guth Iorrais’ nó ‘Iorras le Gaeilge’
- Ba chóir go mbeadh mana ag an scéim - ‘An Ghaeilge - Labhair linn í’ nó ‘Labhair Gaeilge Linn’
- Ba chóir leathanach Facebook agus Twitter a chur ar bun nuair a bheidh brandáil agus ábhair phoiblíochta na scéime socruithe agus iad a uasdátú ar bhonn rialta.

Coiste stiúrtha

Moltar coiste stiúrtha don scéim a chur le chéile a bhuaifeadh le chéile uair sa ráithe nó mar sin. Seo moladh maidir leis na hionadaithe éagsúla ba cheart a bheith ar an gcoiste: saineolaí pleanála teanga, ionadaí ón gcoiste tráchtála, meantóir ó chomhlacht cosúil m.sh. Gaillimh le Gaeilge nó Gnó Mhaigh Eo; ionadaí ó Chomharchumann Forbartha Ionad Deirbhile, agus an chomhordaitheoir teanga nó stiúrtóir na scéime.

Maoiniú

Is gá go mbeadh maoiniú cinnte ar fáil don togra le himeachtaí a reáchtáil (m.sh. aoichainteoirí, comhairleoirí pleanála teanga agus múinteoirí / éascaitheoirí a fhostú srl).

Ba chóir go mbeadh buiséad ann d’acmhainní freisin, mar shampla, suaitheantais, póstaer, bileoga, balúin, bratacha, seastáin, oícheanta sóisialta, seimineáir do rannpháirtithe na scéime (blaisíní bia agus fíona), duaiseanna comórtais srl.

An lámhleabhar Pleanála Teanga ‘An Ghaeilge: Cén Fáth?’ (Ní Dhúda, 2013)

Is acmhainn an-luachmhar í an dialann pleanála teanga. Tugann an lámhleabhar fócas don scéim agus coinníonn sé aird na rannpháirtithe ar spriocanna a bhaint amach.

Cé go bhfuil an dialann leagtha amach go han-soiléir le neart samplaí agus moltaí ann agus cé go mínítear an bealach leis an dialann a úsáid, tá sé tugtha faoi deara áfach go mbíonn drogall ar dhaoine í a líonadh i gcásanna áirithe. Moltar gluais a chur ar fáil don lámhleabhar chomh maith le tuilleadh samplaí de spriocanna indéanta a chur ar fáil a mbeidh na

heagraíochtaí ábalta tarraingt orthu de réir a chéile. Ba cheart seisiún mínithe uair an chloig a dhéanamh leis an oifigeach teanga a cheaptar i ngach eagraíocht chun úsáid na dialainne a mhíniú go mion. Má tá tuiscint acu ar a fhusa is atá sé an dialann teanga a úsáid, is mó seans go mbainfidh siad tairbhe aisti.

Cúrsaí oiliúna sa Ghaeilge

De réir mar a thiocfaidh fás agus forbairt ar an scéim, tiocfaidh éileamh chun cinn maidir le oiliúint sa Ghaeilge bunaithe ar riachtanais na rannpháirtithe. Ba cheart cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil bunaithe ar na riachtanais seo. Tá cúrsa cruthaithe ag an gcomhordaitheoir dírithe ar oibrithe in eagraíochtaí turasoíreachta mar shampla, a bheadh oiriúnach d’oibrithe óstáin, leaba agus bricfeasta, oifigigh thurasóireachta srl. Agus cúrsa dá leithéid á eagrú nó a chruthú sa todhchaí, beidh gá le hanailís riachtanas a dhéanamh le stiúrtóirí na n-eagraíochtaí éagsúla maidir le leibhéal Gaeilge na foirne agus an tsainteanga ar a mbeidh an cúrsa bunaithe.

Lón le Gaeilge

Eagraíodh lón le Gaeilge in óstán sa cheantar i mí Mheán Fómhair 2014. An aidhm a bhí leis ná go mbuaifeadh ionadaithe ó eagraíochtaí éagsúla nó oifigigh theanga le chéile uair sa mhí agus go mbeadh deis acu sóisialú le chéile trí Ghaeilge i gcomhthéacs neamhfhoirmiúil. B’fhiú go mór an imeacht mar seo a reáchtáil uair sa mhí nó mar sin. Ba cheart go mbeadh an imeacht oscailte don phobal i gcoitinne ach ba cheart díriú ar oibrithe na n-eagraíochtaí éagsúla a spreagadh le freastal air ach go háirithe. Deis iontach a bheidh ann líonra Gaeilge a chruthú idir rannpháirtithe na scéime. Is gá go mbeadh an comhordaitheoir nó ionadaí eile ceaptha ag CFID i láthair ag gach uile imeacht mar seo le cinntiú go gcuirfear fáilte roimh dhaoine agus go ndéanfar bainistiú ar iompar nó úsáid teanga na hócáide.

Gnónna nua a mhealladh chun na scéime

- (i) Tábhacht na Gaeilge a léiriú i gcomhthéacs na turasoíreachta chultúrtha

Tá go leor dea-thola ann i leith na Gaeilge timpeall Bhaile Bhéal an Mhuirthead. Cé go dtuigeann daoine an luach atá leis an teanga áfach, is doiligh daoine a spreagadh chun gnímh uaireanta. Tá sé tugtha faoi deara go bhfuil cruthúnas níos fearr de dhíth maidir le tábhacht na Gaeilge i gcomhthéacs na turasoíreachta chultúrtha agus gurbh fhiú infheistiú sa teanga de bharr sin. Moltar cruthúnas den chineál seo a fháil agus a léiriú go soiléir. Mar shampla, trí shuirbhé a scaipeadh ar thurasóirí a thugann cuairt ar an gceantar nó ar Éirinn i gcoitinne. Sa chaoi seo thabharfaí aird ar na buntáistí agus deiseanna margáíochta a bhaineann leis an nGaeilge a bheith mar chuid den ghnólacht.

- (ii) Seimineáir dírithe ar rannpháirtithe na scéime agus eagraíochta áitiúla eile

B'fhiú seimineáir nó imeacht chosúil a reáchtáil cúpla uair sa bhliain a bheadh dírithe ar bhainisteoirí / stiúrthóirí agus baill foirne eagraíochtaí an cheantair, idir eagraíochtaí atá páirteach sa scéim cheana féin iad siúd nach bhfuil páirteach go fóill. D'fhéadfaí fáiltiú beag a chur ar fáil dóibh ag a mbeadh blaisíní bia agus gloine fíona ar fáil.

D'fhéadfaí an deis seo a thapú le cur i láthair beag a dhéanamh ar an scéim nó aoichainteoir a fháil óna mhacasamhail d'fheachtas (m.sh. Gaillimh le Gaeilge nó Gnó Mhaigh Eo). Gach seans go gcoinneodh imeacht shóisialta mar seo fuinneamh i leith na scéime i measc a rannpháirtithe agus bheadh sé ina spreagadh d'eagraíochtaí nua bheith páirteach inti. Deis a bheadh ann freisin eolas a scaipeadh faoi fhorbairtí na scéime (m.sh. comórtas atá á reáchtáil nó acmhainní atá ar fáil a chuideodh le húsáid na Gaeilge san eagraíocht).

2. Úsáid na Gaeilge a mhéadú i measc na hóige

A. Feachtas leis na scoileanna

Cur Síos

Aithníonn CFID an tábhacht atá ag baint le nasc a chruthú le meánscoileanna agus bunscoileanna an cheantair, mar chuid den phróiseas pleanála teanga. Le roinnt blianta anuas tá CFID tar éis tabhairt faoi imeachtaí agus tionscadail éagsúla atá dírithe ar dheiseanna spraiúla a chruthú leis an nGaeilge a labhairt chomh maith le bród agus féiniúlacht a chothú maidir leis an teanga. Tugtar eolas agus moltaí thíos maidir le himeachtaí agus tionscadail eile a bhféadfaí tabhairt fúthu sa todhcháí.

Mar is amhlaidh an scéal in go leor ceantair Ghaeltachta eile timpeall na tíre, tá dúshlán ann do scoileanna sa cheantar feidhme a stádas mar scoileanna Gaeltachta a choimeád toisc nach bhfuil an Ghaeilge á labhairt sa bhaile in go leor cásanna, nó a laghad Gaeilge atá á labhairt sa bhaile. Tá sé fíorthábhachtach tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna atá ag iarraidh nasc na Gaeilge a láidriú idir an scoil agus an baile le dearcadh dearfach, cumas agus muinín a chothú i measc tuismitheoirí i leith na teanga.

Cur Chuige

Le linn thréimhse an cheapacháin thug an comhordaitheoir cuairt ar scoileanna i bparóiste na Cille Móire agus i bparóiste Bhéal an Mhuirthead, idir mheánscoileanna agus bhunscoileanna. Labhair na múinteoirí sna scoileanna sin maidir le staid na teanga sa scoil, na buanna, na dúshláin agus na féidearthachtaí atá ann maidir le húsáid na Gaeilge a mhéadú. Tá na bunscoileanna uile sa dá pharóiste an-oscailte do thionscadal Gaeilge ar bith go mórmhór tionscadail dhrámaíochta, scríbhneoireachta, ealaíne srl. É sin ráite, anois agus scoileanna go mór faoi bhrú go háirithe ó thaobh ama agus acmhainní daonna de, tá sé fíorthábhachtach go gcuirfí gach tacaíocht ar fáil dóibh i leith na dtionscadal a mholtar thíos agus atá leagtha amach sna bileoga treoracha atá mar chuid den tuarascáil seo.

Torthaí foghlamtha agus moltaí

Leabharlann an Cheantair

Tá Leabharlann an cheantair an-tiomanta do thacaíocht a chur ar fáil do scoileanna i leith na Gaeilge. Le linn thréimhse na scéime, reáchtáil an leabharlann seisiúin scéalaíochta agus ceardlann scríbhneoireachta trí Ghaeilge. Tá roinnt acmhainní Gaeilge in úsáid acu (m.sh. bileoga léirmheasa ar leabhair) agus beidh siad ag cur leis na hacmhainní seo de réir a chéile. Cuireann siad fáilte i gcónaí roimh mholtaí ó na scoileanna maidir le himeachtaí eile a d'fhéadfaí a reáchtáil amach anseo. Ba cheart scoileanna a spreagadh leis an acmhainn luachmhar seo sa phobal a úsáid amach anseo i gcomhar am scéalaíochta as Gaeilge, ceardlanna scríbhneoireachta srl.

Togra Scríbhneoireachta i gcomhar le hIrisleabhar áitiúil

Is cinnte gur cuid an-tábhachtach í an scríbhneoireacht d'fhorbairt chumas teanga. Chuige seo cuireadh togra ar bun le linn na bliana le hirisleabhar áitiúil chun daoine óga a mhealladh le hábhar a scríobh agus a fhoilsiú i nGaeilge. Foilsíodh cúpla píosa scríbhneoireachta de chuid daltaí áitiúla i leagan Mhí Mheán Fómhair agus Mhí Dheireadh Fómhair de chuid na hirise. D'fhéadfaí leanúint ar aghaidh leis an togra seo go héasca sa todhcháí.

Seisiún cluichí sna scoileanna le tuismitheoirí

Mhol scoil amháin go reáchtálfaí seisiún cluichí le tuismitheoirí ó am go chéile. Smaoineamh an-mhaith é seo a dhéanfadh an nasc Gaeilge a láidriú idir an scoil is an baile. Moltar seit cluichí a cheannach leis an togra seo a chur sa tsiúl. D'fheadfadh an comhordaitheoir nó duine ceaptha aige /aici seisiún oiliúna a dhéanamh leis na tuismitheoirí le múineadh dóibh conas na cluichí a imirt agus na tacaíochtaí teanga cuí a chur ar fáil dóibh.

Ceolchoirm Ghaeilge

Iarracht fhiúntach eile a d'fhéadfadh nasc na Gaeilge a láidriú idir an baile agus an scoil ná ceolchoirm a eagrú trí mheán na Gaeilge mar chuid de Sheachtain na Gaeilge gach bliain. Tá a leithéid de cheolchoirm á reáchtáil ag meánscoil amháin gach uile bhliain. D'fhéadfaí an múnla seo a úsáid i scoileanna eile agus tacaíocht a chur ar fáil dá réir. D'fhéadfaí drámaíocht, filíocht, damhsa, ceol, amhránaíocht srl. a bheith mar chuid den ócáid.

Féile Scoildrámaíochta

Glactar leis go forleathan gur bealach an-éifeachtach é an drámaíocht leis an nGaeilge a chur chun cinn agus le líofacht agus saibhreas a chothú sa teanga. De bharr go bhfuil ionad ealaíon den chéad scoth ar fáil sa bhaile mór, ní mór an deis seo a thapú le himeachtaí drámaíochta Gaeilge a dhéanamh ar a laghad uair sa bhliain amhail na Féile Scoildrámaíochta a reáchtáiltear go huilnáisiúnta gach bliain. Tá an Cumann Scoildrámaíochta tiomanta do thacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí ar mian leo féilte a reáchtáil sa toadhchái.

Comórtas Díospóireachta

Mhol roinnt múinteoirí comórtas díospóireachta a eagrú idir na scoileanna (meánscoileanna agus ranganna sinsearach na mbunscoileanna). Bealach an-éifeachtach eile é le scoileanna teanga a fhorbairt mar aon le suim agus muinín á labhairt.

B. Club Óige na Cille Móire

Cur Síos

Is é ceann de na príomhspríocanna i bplean teanga na hEachléime ná úsáid laethúil agus neamhfhoirmiúil na Gaeilge a mhéadú (Ní Dhúda, 2012). I measc na moltaí a leagtar síos sa phlean i dtaca leis an sprioc seo ná cur le líon na mball atá ag freastal ar an gclub óige de réir a chéile.

Tá an club óige ar bun ó bhí 2007 ann agus níl aon amhras ach gur cuid an-tábhachtach de chur chun cinn na teanga é taobh amuigh den chóras oideachais. Reáchtáiltear dhá oíche sa tseachtain do pháistí bunscóile agus dhá oíche eile do dhéagóirí gach seachtain. Tá ballraíocht 65 ag an gclub faoi láthair.

Is ar bhonn deonach atá an club á reáchtáil faoi láthair. Is iad daoine ar scéimeanna fostaíochta mar aon le baill foirne an ionad eachtraíochta atá mar fhoireann an chlub óige. In aineoinn go bhfuil an club á reáchtáil ar bheagán acmhainní agus foirne tá seirbhís an-mhaith á cur ar fáil acu d'óige an cheantair.

Cur Chuige

D'fhreastail an comhordaitheoir ar an gclub óige le linn na tréimhse Feabhra – Aibreán le féachaint ar na riachtanais agus na féidearthachtaí a bhaineann leis an gclub.

Torthaí foghlamtha agus Moltaí

Líon na gcinnirí / maoirseoirí a ardú

Rud mór a chuirfeadh le héifeacht agus le hoibriú réidh an chlub ná líon níos airde stiúrthóirí, cinnirí, maoirseoirí agus tuismitheoirí a bheith ar fáil go leanúnach chun an club a reáchtáil. Leis seo a bhaint amach, bheadh gá le tabhairt faoi fheachtas earcaíochta – fógraí nó póstaer i nuachtlitir an pharóiste, ar Facebook, ar shuíomh an chlub srl.

Oiliúint d'fhoireann an Chlub Óige

Dar ndóigh is gá go mbeadh caighdeán maith Gaeilge ag foireann an chlub ach ba cheart go gcuirfí oiliúint sa Ghaeilge ar fáil dóibh freisin. Moltar cúrsa traenála a reáchtáil do chinnirí an chlub ionas go mbeifear in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis na rannpháirtithe. Ba chóir go gcuirfeadh cúrsa traenála dá leithéid sainbhunaithe ar ghníomhaíochtaí an chlub agus ba chóir é a reáchtáil uair sa bhliain dóibh siúd a bhfuil suim acu bheith ina gcinnirí.

Sceideal agus féilire imeachtaí a leagan síos don bhliain

Ar mhaithe le planáil, b'fhiú go mór sceideal a leagan síos don bhliain. Chinnteodh sé seo ní hamháin go mbeadh réimse leathan gníomhaíochtaí éagsúla i gceist ach go mbeadh na torthaí foghlamtha srl. ar leibhéal níos airde. Tá daoine éagsúla sa cheantar a bheadh ábalta ceardlanna a chur ar fáil trí Ghaeilge do pháistí sa drámaíocht, sa damhsa, san ealaíon srl. B'fhiú go mór cuireadh a thabhairt do na daoine seo le ceardlanna a dhéanamh sa chlub ó am go chéile.

Líon na mball a ardú

B'fhiú go mór do dhuine ó choiste an chlub óige dul chuig na scoileanna roimh thús an téarma le labhairt leis na páistí faoin gclub agus na himeachtaí a ndéantar ann.

D'fhéadfaí bileoga eolais agus póstaer a dhearadh, fógraíocht a dhéanamh ar leathanach Facebook agus suíomh Ionad Deirbhile agus mar sin de.

Imeachtaí an chlub a thairfeadh agus a fhógairt

B'fhiú suíomh idirlín agus/nó leathanach Facebook a chur ar bun ar a bhféadfaí imeachtaí an chlub a thaispeáint (m.sh. cluichí peile, taispeántas ealaíne srl. a chur ar an suíomh). D'fhéadfaí ailt scríofa, podchraoltaí, comhaid fuaime, grianghraif nó físeáin de na páistí ag labhairt

faoi na himeachtaí a chur ar fáil freisin. Ba cheart taifead a dhéanamh d'imeachtaí an chlub le linn na bliana trí ghrianghraif agus físeáin a ghlacadh, cuir i gcás.

Trealamh agus acmhainní an chlub

Moltar cur le hacmhainní agus trealamh an chlub de réir a chéile faoi mar a chuirtear maoiniú ar fáil. Seo thíos roinnt moltaí:

- Trealamh teicneolaíochta m.sh. físcemara, tripod, ceamara agus gléas taifeadta, ríomhaire glúine srl.
- Trealamh Spóirt – raicéid bhadmanta, srl.
- Acmhainní ealaíne – ábhair ealaíne, naprúin srl.

Maoiniú agus airgeadas

Tá go leor de na moltaí thuasluaite ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil. Is gá duine a aimsiú a bheadh sásta maoiniú a aimsiú do thograí éagsúla agus dul i mbun feachtas tiomsaithe airgid, cuir i gcás. Ba cheart cinntí a dhéanamh faoi mhaoiniú atá ar fáil d'imeachtaí éagsúla ag tús na bliana agus iad a phleanáil dá réir.

3. Úsáid na Gaeilge a mhéadú i measc an phobail i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla

Cur Síos

Tá CFID tiomanta d'úsáid neamhfhoirmiúil agus shóisialta na Gaeilge a mhéadú go háitiúil idir na haoisghrúpaí, daoine fásta san áireamh. Tá an t-ionad oidhreachta ar fáil mar Ionad Buail Isteach do dhaoine fásta trí oíche sa tseachtain. Reáchtáiltear imeachtaí chomh minic agus is féidir ina gcuirtear deis ar fáil don phobal an Ghaeilge a labhairt go sóisialta.

Cur Chuige

Tugtar léargas thíos ar na himeachtaí a reáchtáladh le linn thréimhse an cheapacháin agus moltaí maidir le cinn eile ba cheart a reáchtáil ar bhonn triailaigh sa todhcháí.

Torthaí foghlamtha agus moltaí

An Tionól Gaeltachta

D'éirigh go hiontach leis an Tionól Gaeltachta a reáchtáladh i mí Iúil 2014. Tháinig go leor de mhuintir na háite amach chun tacú leis an bhféile agus chun fáilte a chur roimh na haíonna. Léiríodh go bhfuil na hacmhainní agus na háiseanna sa cheantar le grúpaí Gaeilge a mhealladh ann. Bíonn éifeacht ar leith ag imeachtaí den chineál seo – spreagtar muintir na háite le suim a chur sa Ghaeilge agus músclaítear bród na ndaoine as a gcanúint féin. Lena chois sin, tugann a leithéid d'imeacht deis do dhaoine nasc a chruthú le cainteoirí ó Ghaeltachtaí eile. B'fhiú féile deireadh seachtaine cosúil leis an Tionól a reáchtáil arís sa todhcháí. D'fhéadfadh an deireadh seachtaine a bheith dírithe ar chraobhacha Chonradh na Gaeilge i gCúige Chonnacht, cuir i gcás, ar ghrúpaí tuismitheoirí agus páistí, ar chumainn Ghaeilge ar leith, nó ar chiorcail chomhrá. Agus féile á reáchtáil sa todhcháí, ba chóir gach iarracht a dhéanamh muintir na háite a bheith páirteach in imeachtaí na féile sin an oiread agus is féidir.

Ciorcail Chomhrá

Is bealach an-simplí, éifeachtach é an ciorcal comhrá le deis labhartha Gaeilge a chur ar fáil don phobal. Reáchtáladh ciorcal comhrá seachtainiúil ó lár Mhí Mheán Fómhair i gceann de na hóstáin (oíche Déardaoin 8-9in). Bhí freastal go maith i dtús báire ach de réir mar a chuaigh na seachtainí ar aghaidh tháinig titim air. Tuigtear nach raibh an t-imeacht fós ar siúl ag an am a scríobhadh an tuarascáil seo. Is léiriú é sin ar an tábhacht atá le ciorcal comhrá a eagrú agus a bhainistiú mar ócáid go leanúnach. Cé go mba chóir gur imeacht neamhfhoirmiúil, fhéinreachtaithe a bheadh ann, caithfear méid áirithe réamhphleanála a dhéanamh le cinntiú go mbeidh ar a laghad cúpla duine chun freastal ar an ócáid go rialta. Moltar fógraíocht leanúnach a dhéanamh ar an imeacht sna foilseacháin áitiúla agus sceideal a dhéanamh amach a chinnteodh go bhfreastalódh ar a laghad duine amháin ó CFID ar an ócáid go seachtainiúil.

Ceardlann Damhsa ar an sean-nós don teaghlach

Eagraíodh ceardlann damhsa ar an sean-nós trí Ghaeilge mar chuid d'Fhéile na hEachléime. D'fhreastal go leor daoine ar an imeacht agus fuarthas aiseolas an-mhaith mar gheall uirthi. Is cinnte go bhfuil an-tóir ar damhsa ar an sean-nós faoi láthair, atá anois mar dhlúthchuid de chultúr na Gaeilge sa tír seo, go háirithe ag ócáidí Gaeilge. De bharr go bhfuil múinteoir damhsa ar an sean-nós anois ag obair agus ag cur faoi sa cheantar, b'fhiú an deis seo a thapú leis an traidisiún a fhorbairt go háitiúil trí cheardlanna mar seo a reáchtáil go rialta.

Drámaíocht

Tháinig Aisteoirí Chorr na Móna chun na hEachléime i mí Dheireadh Fómhair le dráma beag agus agallamh beirte a dhéanamh. Tugadh cuireadh do Sheán Ó Morónaigh, Stiúrthóir an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta freisin chun casadh le baill den chumann drámaíochta áitiúil agus le hiad a spreagadh le tabhairt faoi dhrama Gaeilge. Tá grúpa drámaíochta an cheantair go mór i bhfabhar dráma a léiriú i nGaeilge sa todhchaí agus tá An Comhlachas lán sásta tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil dóibh lena n-iarraichtaí.

Moltar na himeachtaí thuasluaite a reáchtáil chomh minic agus is féidir. Seo thíos moltaí maidir le himeachtaí eile a d'fhéadfadh cur le deiseanna labhartha Gaeilge i gcomhthéacs sóisialta.

Cártaí agus Biongó trí Ghaeilge

Bíonn an-tóir i gcónaí ar imeachtaí cártaí agus biongó sa cheantar. B'fhiú go mór gach iarraicht a dhéanamh na himeachtaí seo a reáchtáil trí Ghaeilge (nó go dátheangach) seans ar bith a fhaightear. Tá go leor daoine a fhreastalaíonn ar na himeachtaí seo líofa sa Ghaeilge. D'fhéadfaí socrú a dhéanamh leo go reáchtálfaí cluiche cártaí nó biongó trí Ghaeilge amháin uair sa mhí / cúpla uair sa bhliain / le linn Sheachtain na Gaeilge agus mar sin de.

Club leabhar Gaeilge

B'fhurasta club leabhar Gaeilge a chur ar bun sa cheantar agus is imeacht é a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bheagán costais. Tá spreagadh agus tacaíocht á gcur ar fáil ag Clubleabhar.com maidir le club leabhar a chur ar bun agus moltar 'Leabhar na Míosa' ar an suíomh freisin.

Club sóisialta Gaeilge

Bealach eile a d'fhéadfaí úsáid na Gaeilge neamhfhoirmiúil a mhéadú ná trí chlub sóisialta Gaeilge a chur ar bun dóibh siúd atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a chleachtadh trí thabhairt faoi imeachtaí spráíúla ar bhonn rialta m.sh. babhláil trí Ghaeilge, ceardlanna, siúlóidí srl. D'fhéadfaid an club bualadh le chéile uair sa mhí / sa choicís agus d'fhéadfaid na baill féin cinntí a dhéanamh faoi na himeachtaí ar mhaith leo tabhairt fúthu oiread agus is féidir.

4. An Ghaeilge a sheachadadh ó ghlúin go glúin

A. Saibhreas cainte an cheantair áitiúil a chaomhnú

Cur Síos

Tuigeann CFID an tábhacht a bhaineann leis an gcanúint, an saibhreas teanga agus béaloideas an cheantair a chaomhnú le cinntiú go mbeidh an saibhreas céanna ann ag an gcéad ghlúin eile. Tá iarraichtaí déanta le blianta beaga anuas an tsuim sa chanúint áitiúil agus sa bhéaloideas áitiúil a chothú. Chuige seo, rinneadh gach iarraicht le linn thréimhse an cheapacháin nasc a láidriú idir an ionad oidhreachta agus daoine sa cheantar a bhfuil an saibhreas teanga sin acu agus a chur ina luí orthu go bhfuil luach ag baint leis an saibhreas sin atá acu iad a spreagadh leis an saibhreas sin a roinnt le go mbeidh sé ann sa todhchaí.

Cur Chuige

Seo thíos eolas faoi na himeachtaí a reáchtáladh le linn thréimhse an cheapacháin agus moltaí don todhchaí i leith bailiú seanchais agus caomhnú na canúna áitiúla.

Torthaí foghlamtha agus moltaí

Ciorcal Comhrá do dhaoine aosta an cheantair – taifeadadh ar bhéaloideas

Reáchtáladh ciorcal comhrá dírithe ar dhaoine aosta an cheantair i mí Aibreáin. Cuireadh béim ar leith sa seisiún ar roinnt an tseanchais. Tháinig grúpa mór daoine chuig an ócáid sin agus ba léiriú é ar an saibhreas teanga atá le fáil sa cheantar. Rinneadh taifead amháin de dhuine ag canadh amhráin. B'fhiú go mór imeacht mar seo a reáchtáil arís sa todhchaí nó fiú tabhairt faoi thionscadal cosúil ina mbeadh duine ón gceantar ag déanamh éascitheoireachta ar sheisiún seanchais agus ag déanamh taifeadadh ar ionchur daoine éagsúla. Chaitheadh go mbeadh an duine eolach ar an gcanúint agus suim ar leith aige / aici sa bhéaloideas, sa stair agus sa chanúint áitiúil.

Oíche airneáin i dTuras Siar le linn Thionól na Gaeltachta

Eagraíodh an imeacht seo i gcomhar leis an ionad ealaíon. Bhí idir cheol, amhránaíocht, scéalaíocht, fhilíocht agus damhsa

le fáil ar an oíche. D'fhreastail roinnt mhaith daoine áitiúla, idir óg agus aosta ar an ócáid. Ba léiriú eile é ar an traidisiún saibhir amhránaíochta, filíochta agus scéalaíochta atá ar fáil in Iorras. Rinne an stáisiún raidió áitiúil taifeadh ar an ócáid seo agus beidh sé ar fáil do CFID amach anseo. B'fhiú go mór imeachtaí den chineál seo a réachtáil ar bhonn rialta.

Bailiú seanchais

- Thíos tá roinnt moltaí maidir le bailiú seanchais: Ba cheart gléas taifeadh a chur ar fáil san Ionad Oidhreacht a gcónaí agus nós a chruthú é a úsáid chomh minic agus is féidir. Ba cheart an pobal a spreagadh leis an seanchas atá acu a roinnt agus le teacht go hIonad Deirbhile chun píosa a thairfead ar an ngléas nó iarraidh ar dhuine teacht chucusan chun taifead a dhéanamh.
- Ba cheart amhráin, scéalta srl. a chur ar fáil ar an suíomh idirlín. Seans maith go spreagfaidh sé sin daoine le scéalta a chur ar fáil agus taifeadtaí a dhéanamh.
- D'fhéadfadh duine a cheapadh le féachaint i ndiaidh chúrsaí béaloidis agus seanchais a bhailiú sa cheantar agus é a thairfead. Ní mór go mbeadh líofacht sa teanga ag an duine agus go mbeadh scileanna cumarsáide an-mhaith aige nó aici mar aon le heolas ar an gcanúint áitiúil.

Cúrsa ar Chanúint an Cheantair

Ba cheart cúrsa agus nó ceardlann a fhorbairt ar chanúint na háite a d'fhéadfai a réachtáil ar bhonn rialta. D'fhéadfadh sé seo suim a chothú i gcanúint na háite agus d'fhéadfadh sé muintir na háite a spreagadh le canúint na háite a úsáid oiread agus is féidir. B'fhiú comhairle a lorg ó dhuine ar choiste Scoil Acla a dhéanann a leithéid ar Ghaelig Acla mar chuid dá scoil samhraidh i mí Lúnasa gach bliain chun moltaí a fháil maidir leis seo.

B. Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh a fhorbairt

Cur Síos

Tá sé mar sprioc ag CFID cur le líon agus caighdeán na seirbhísí tacaíochta Gaeilge atá ar fáil do mhuintir na háite agus do theaghlaigh ach go háirithe (Ní Dhúda, 2012). Déantar iarracht imeachtaí sóisialta a réachtáil do theaghlaigh chomh minic agus is féidir (m.sh. lá spraoi na Nollag, lá spraoi an tsamhraidh srl).

Cur Chuige

Tugtar eolas thíos faoi na himeachtaí a réachtáladh le linn 2014 agus roinnt moltaí maidir le gníomhaíochtaí a d'fhéadfai tabhairt fúthu sa toadhchái le tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh.

Torthaí foghlamtha agus moltaí

Imeachtaí do Theaghlaigh

Le linn thréimhse an cheapacháin réachtáladh imeachtaí éagsúla dírithe ar theaghlaigh. Mar shampla, An Phicnic Mhór le linn mhí na Bealtaine agus Lá Spraoi do Theaghlaigh le linn Fhéile na hEachléime i mí Lúnasa. Mar chuid de na himeachtaí seo bhí péinteáil aghaidhe, cluichí ciorcail, tóraíocht taisce srl. i gceist.

Seisiún Scéalaíochta

Reáchtáladh seisiún scéalaíochta mar chuid den lá spraoi le linn Fhéile na hEachléime. Bhain na páistí a bhí i láthair an-taitneamh as an seisiún agus fuair muid aiseolas an-mhaith óna dtuismitheoirí. Is imeacht éifeachtach neamhchostasach é an scéalaíocht ar féidir a réachtáil go furasta. B'fhiú tuilleadh seisiúin mar seo a réachtáil amach anseo.

Cúrsa Gaeilge do thuismitheoirí

Tá cúrsa Gaeilge do thuismitheoirí cruthaithe ag an gcomordaitheoir. Is cúrsa é atá dírithe ar dhaoine atá tar éis an Ghaeilge a dhéanamh ar scoil ach atá as cleachtadh rud beag. Sa chúrsa díritear ar theanga a bheadh úsáideach le bheith ag plé le páistí ag pointí éagsúla i rith an lae. Is é an aidhm atá leis an gcúrsa seo ná muintir a chothú i dtuismitheoirí tuilleadh Gaeilge a labhairt dá bpáistí sa bhaile. D'fhéadfadh an cúrsa a réachtáil thar thréimhse cúig seachtaine nó mar chúrsa lae.

Coiste agus Club Tuismitheoirí

Déan iarracht grúpa tuismitheoirí (m.sh. Tuismitheoirí na hEachléime / na Cille Móire / Bhéal an Mhuirthead srl.) a chur ar bun i gcomhpháirtíocht leis an líonra tuismitheoirí atá ag tógáil a bpáistí trí Ghaeilge sa cheantar. D'fhéadfadh grúpa mar seo imeachtaí cosúil leis na cinn thuasluaite a eagrú le cabhair ón gcomordaitheoir teanga. Freisin, d'fhéadfadh club mar seo naisc a chruthú le grúpaí comhchosúla taobh amuigh den cheantar agus cuidiú le himeachtaí deireadh seachtaine a eagrú do theaghlaigh.

Leabharliosta

Ní Dhúda, L., 2012. 'Dréachtphlean Gaeilge do Cheantar na hEachléime 2013-2016'. Páipéar taighde neamhfhoilsithe.

Ní Dhúda, L., 2013. An Ghaeilge: Cén Fáth? Ár bPlean Teanga. Ar fáil ag <http://ionaddeirbhile.ie/an-ghaeilge/pleanail-teanga-lamhleabhar2013>

Ní Dhúda, L., 2014. Roghanna: Lámhleabhar eolais faoin bPleanáil Teanga. An Mhí: Glór na nGael.

Aguisín



Aguisín 1: Liosta na n-eagraíochtaí a ghlac páirt sa scéim i 2014

Seo iad na heagraíochtaí atá páirteach sa scéim go dtí seo:

Eachléim

- | | |
|--|---|
| <ul style="list-style-type: none">• Ionad Deirbhile• Úna's• Léim Siar• Brú Chlann Lir• An Sean Siopa | <ul style="list-style-type: none">• Oifig an Phoist• Teach John Joe• Garáiste Uí Mhaolábháil• Club óige na Cille Móire |
|--|---|

Béal an Mhuirthead

- | | |
|---|---|
| <ul style="list-style-type: none">• Eurospar• Gala• An Leabharlann• Teach Tábhairne O'D's• Builín Blasta• Gaol Siar• An Banc (Banc na hÉireann)• Oifig an Phoist | <ul style="list-style-type: none">• Óstán Chuan an Inbhir• Óstán an Western Strands• T&T clothing• Áras Inis Gluaire• Erris Fruit and Veg• Cois Cuan• Erris Beo |
|---|---|

17

Aguisín 2: Bileoga Treoracha

1. Scéim Teanga le heagraíochtaí áitiúla (1.01 - 1.05)
2. An Ghaeilge i measc na hóige (2.01 - 2.05)
3. Seachadadh na teanga ó ghlúin go glúin (3.01 - 3.05)
4. Imeachtaí don phobal (4.01 - 4.05)

01. Scéim Teanga le heagraíochtaí Áitiúla

1.01 Eagraíochtaí nua a mhealladh chun na scéime teanga agus an próiseas insealbhaithe

Teideal an Tionscadail	Eagraíochtaí nua a mhealladh chun na scéime teanga agus an próiseas insealbhaithe	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> Úsáid laethúil na Gaeilge a mhéadú i bParóiste na Cille Móire agus i mBéal an Mhuirthead i gcomhpháirtíocht le muintir na háite agus eagraíochtaí áitiúla 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> Eagraíochtaí nua a mhealladh le páirt a ghlacadh sa scéim dheonach pleanála teanga Insealbhú a dhéanamh le rannpháirtithe nua de chuid na scéime Rannpháirtithe a spreagadh le páirt a ghlacadh sa scéim 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> Bainisteoir nó oifigeach teanga na heagraíochta Baill foirne na heagraíochta An chomhordaitheoir teanga nó ionadaí ceaptha aige / aici 	
Eagraí	Ionad Deirbhile	
Le déanamh Cur chuige	Réamhphleanáil	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> Ullmhaigh bileog eolais nó eitleog dhátheangach ina mínítear príomhphointí & aidhmeanna na scéime teanga, na buntáistí a bhaineann léi, na bealaí a d'fhéadfadh an eagraíocht níos mó Gaeilge a úsáid srl. Bíodh an bhileog seo bunaithe ar an eolas atá le fáil sa leabhrán An Ghaeilge: Cén fáth? (Ní Dhúda 2013). Ba cheart go mbeadh an bhileog eolais seo chomh simplí, cruinn, soiléir, tarraingteach agus is féidir sa chaoi is go léifear agus go dtuigfear i gan stró ar bith. Déan coinne chun bualadh le stiúrthóir nó bainisteoir na heagraíochta. <p>Cuairt 1</p> <ul style="list-style-type: none"> Buail leis an stiúrthóir / bainisteoir le bunolas a thabhairt dó/ di maidir leis an scéim agus leis an bpróiseas. Más gnólacht atá i gceist cuir béim ar na buntáistí a bhaineann leis an nGaeilge a bheith mar chuid den ghnólacht ó thaobh na margáiochta de. Ní mór buntáistí breise na Gaeilge do ghnólachtaí a leagan amach go soiléir, bunaithe ar fhíricí agus ar thaighde. Taispeáin torthaí suirbhé nó aon fhianaise eile a léiríonn luach na Gaeilge i gcomhthéacs na turasoíreachta chultúrtha. Abair cé mhéad gnólacht atá páirteach sa phróiseas cheana. Más eagraíocht pobail atá ann, mínigh dóibh go bhfuil an scéim seo mar chuid de na hiarrachtaí pleanála teanga atá ar siúl leis an nGaeilge a chothú agus a mhéadú mar theanga pobail in Iorras agus na bealaí a rachaidh na hiarrachtaí seo chun sochair an phobail trí chéile. Fág cóip den bhileog eolais seo le bainisteoir nó stiúrthóir na heagraíochta, iarr air / uirthi an bhileog a léamh agus abair leo go mbeidh tú i dteagmháil leo i gceann seachtaine chun tuilleadh plé a dhéanamh ar an scéim agus le féachaint an mbeadh spéis acu páirt a ghlacadh inti. Glaigh ar an mbainisteoir san eagraíocht tar éis seachtaine le fáil amach an bhfuil spéis acu páirt a ghlacadh sa scéim. Má tá, socraigh dáta agus am leo don seisiún insealbhaithe. Glacfaidh an seisiún seo timpeall uair is 15 nóiméad ar fhad. Abair leo go mbeidh tú ag cur dialann teanga chucu a bheidh le léamh acu roimh an seisiún insealbhaithe. Iarr ar an mbainisteoir cinneadh a dhéanamh faoi cé a bheidh mar oifigeach teanga don scéim - .i. an duine a bheidh ag líonadh na dialainne agus ag tabhairt aiseolais don chomhordaitheoir teanga gach ráithe. Tabhair cead ag baill foirne eile freastal ar an seisiún insealbhaithe freisin más maith leo. Seol cóip den lámhleabhar An Ghaeilge: Cén fáth? agus an ghluais a ghabhann leis chuig an eagraíocht agus mínigh dóibh go mbeidh an cháipéis seo mar uirlis phleanála acu. Iarr orthu an cháipéis a léamh agus nóta a dhéanamh de phointe nó focal ar bith nach dtuigeann siad. Abair leo go míneofar chuile rud dóibh ag an seisiún insealbhaithe. <p>Cuairt 2: Insealbhú leis an oifigeach teanga</p> <ul style="list-style-type: none"> Ullmhaigh na rudá seo a leanas roimh an seisiún: <ul style="list-style-type: none"> liosta spriocanna samplacha don eagraíocht liosta nathanna úsáideacha teanga don eagraíocht aon tacaíocht eile a chuideoidh leo an dialann a líonadh ó mhí go mí. 	

Le déanamh	Réamhphleanáil	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Ullmhaigh cur i láthair PowerPoint ar an scéim. Bíodh na nithe seo san áireamh: <ul style="list-style-type: none"> – buntáistí a bhaineann le bheith páirteach sa scéim, – na bealaí ar féidir cur le húsáid na Gaeilge in eagraíocht, – na rólanna a bheidh ag daoine éagsúla san eagraíocht chun é sin a bhaint amach, – na tacaíochtaí a chuirfear ar fáil dóibh mar chuid den phróiseas – na deiseanna sóisialta eile trí Ghaeilge a bheidh ar fáil (m.sh. seimineáir ráithe, lón le Gaeilge srl.). • Mínigh dóibh freisin go bhfuil gá le plean teanga a bheith ag an eagraíocht chun go mbeidh struchtúr eagraithe agus rannpháirtíoch ar an bpróiseas. • Mar chuid den chur i láthair léirigh an bealach leis an dialann teanga a úsáid. Téigh tríd an lámhleabhar leo go mion. • Taispeáin acmhainní poiblíochta na scéime dóibh m.sh. greamáin, póstaer srl. agus an bealach le hiad a úsáid. • Tarraing a n-aird ar an ngluais agus ar na spriocanna samplacha atá curtha ar fáil. • Taispeáin acmhainní samplacha a d'fhéadfaí a úsáid sa ghnó m.sh. comharthaí, póstaer, an pacáiste tacaíochta ó Fhoras na Gaeilge srl. • Iarr orthu machnamh a dhéanamh ar spriocanna réadúla don ghnólacht maidir leis an nGaeilge don chéad ráithe, bunaithe ar an anailís a dhéanann siad ar an staid reatha (Ní Dhúda, 2013:10-13). • Leag spriocanna amach do ráithe 1 leo (Mí 1, 2 agus 3). Pléigh na spriocanna leo agus na freagrachtaí a bheidh ar dhaoine éagsúla, na hacmhainní a bheidh ag teastáil srl. Iarr orthu iad a scríobh sa dialann. • Nuair a bheidh na spriocanna don mhí & don ráithe leagtha amach, cuidigh leis rannpháirtithe na nathanna teanga a bheidh ag teastáil a roghnú agus a líonadh sa dialann. • Níor cheart go nglacfaidh an próiseas pleanála (i. an dialann a líonadh) ach méid beag amháin gach mí m.sh.30 nóiméad. Ba cheart don té atá ag líonadh na dialainne na spriocanna a aontú le baill foirne eile roimh ré (i. an t-oifigeach nó an cinnire teanga). • Nuair a bheidh na spriocanna agus na nathanna aontaithe don mhí b'fhiú cóip a dhéanamh dóibh agus a chrochadh in áit a fheicfidh an fhoireann go léir iad. • Tarraing a n-aird ar an rannóg aiseolais sa dialann faoin teideal 'Céard a d'oibrigh / nár oibrigh?' Tarraing aird freisin ar an rannóg dar teideal 'Moltaí'. 	
Acmhainní ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> • Eitleog nó bileog eolais ina léirítear príomhphointí na scéime teanga (i. aidhmeanna, buntáistí & conas páirt a ghlacadh) • Ríomhaire glúine • Cur i láthair PowerPoint ina dtugtar eolas faoin scéim teanga, an dialann teanga, ról na ndaoine éagsúla maidir leis an scéim srl. • An lámhleabhar, gluais agus liosta spriocanna samplacha don eagraíocht • Liosta frásaí úsáideacha don eagraíocht, acmhainní teanga samplacha & saor in aisce atá le fáil (m.sh. comharthaí, lipéid, eitleoga, páipéar ceannteidil, bileoga eolais d'óstáin srl.) 	
Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> • Costas dearadh & costas priontála • Réiteach na mbileog eolais le comhairle ó shaineolaí pleanála teanga 	
Foinsí maoinithe	Earra	Méid
Nótaí	<ul style="list-style-type: none"> • Ní mór uasdátú a dhéanamh ar an lámhleabhar pleanála teanga (Ní Dhúda 2013), i bhfianaise an aiseolais agus dul chun cinn • Bileoga eolais atá fáisnéiseach, físiúil ach nua-aimseartha le réiteach • Gach iarracht a dhéanamh gnólachtaí a mhealladh agus a spreagadh le bheith páirteach sa scéim 	
Torthaí agus aiseolas		

1.02 Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do rannpháirtithe na scéime teanga

Teideal an Tionscadail	Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do rannpháirtithe na scéime teanga	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> Cuidiú le heagraíocht plean teanga a ullmhú 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> Cuairt a thabhairt ar eagraíocht le fáil amach cén dul chun cinn atá déanta acu ó thaobh an phlean teanga, aiseolas a fháil maidir le cur i bhfeidhm an phlean, fadhbanna a réiteach, moltaí a dhéanamh Eolas a bhailiú maidir le dul chun cinn na scéime in eagraíochtaí éagsúla 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> Bainisteoir / oifigeach teanga na heagraíochta An comhordaitheoir teanga An comhairleoir pleanála teanga Aistritheoir 	
Eagraí	Ionad Deirbhile	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> Déan teagmháil leis an oifigeach teanga san eagraíocht agus socraigh am agus áit leo don chruinniú rialta (uair sa ráithe) Réitigh liosta ceisteanna le cur ar an oifigeach maidir leis an scéim agus an dul chun cinn go dáta (i. éachtaí, dúshláin srl.) Buail leis an oifigeach agus faigh aiseolas uathu maidir le cur i bhfeidhm na scéime san eagraíocht & aidhmeanna na ráithe sin. Déan an t-aiseolas seo a nótaíl agus glac grianghraif den leathanach aiseolais chúí sa dialann teanga (2013:22). Pléigh acmhainní atá ag teastáil (m.sh. comharthaí, eitleoga, liostaí frásaí, traenáil don fhoireann srl.) agus cuir ar fáil iad a luaithe agus is féidir. Pléigh an t-aiseolas a fuarthas ón oifigeach teanga leis an gcomhairleoir pleanála teanga agus réitigh fadhbanna ar bith a thagann chun cinn. Cuir moltaí, acmhainní, traenáil ar fáil don eagraíocht bunaithe ar riachtanais agus éileamh agus de réir mar is gá. Déan athbhreithniú bliantúil ar an scéim trí chéile. D'fhéadfaí suirbhé aiseolais a scaipeadh ar rannpháirtithe na scéime trí Survey Monkey srl. lena dtuairimí a fháil maidir le dul chun cinn na scéime, leasuithe cuí a mholadh agus mar sin de. 	
Acmhainní agus seirbhísí ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> Acmhainní teanga don eagraíocht Seirbhísí aistriúcháin más gá 	
Moltaí maidir le haistritheoirí	Ainm	Sonraí teagmhála
	Katherine Mangan	
Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> Costais phriontála Táillí aistritheora 	
Foinsí maoinithe	Earra	Méid
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

1.03 Seimineár eolais do rannpháirtithe na scéime

Teideal an Imeachta	Seimineár do rannpháirtithe na scéime	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> Líonra na n-eagraíochtaí atá páirteach sa scéim a láidriú agus eagraíochtaí nua a spreagadh le bheith páirteach inti Feasacht teanga a ardú i measc rannpháirtithe an fheachtais Luach an dátheangachais a mhéabhú ar stiúrthóirí agus bainisteoirí eagraíochtaí mar ghné uathúil dhíolacháin Eolas a thabhairt maidir le bealaí éifeachtacha leis an nGaeilge a chur chun cinn san eagraíocht Eagraíochtaí a choinneáil ar an eolas faoi imeachtaí na scéime m.sh. comórtais, acmhainní, deiseanna labhartha, ranganna srl. 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> Imeacht a eagrú dhá uair sa bhliain nó mar sin a thabharfaidh deis do rannpháirtithe an fheachtais teacht le chéile ag ócáid shóisialta Léacht nó cur i láthair a eagrú mar chuid den ócáid Tuarascáil bhliantúil faoi dhul chun cinn na scéime a sheoladh 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> Ionadaithe (m.sh. bainisteoirí, oifigigh teanga, baill foirne) ó eagraíochtaí éagsúla sa cheantar An chomhordaitheoir teanga, an comhairleoir pleanála teanga, saineolaithe pleanála teanga, aoichainteoirí srl. 	
Eagraí	CFID	
Fógraíocht	<ul style="list-style-type: none"> Leathanach Facebook agus súiomh idirlín Ionad Deirbhile Erris Eye (faoin 15 lá den mhí i gcónaí) The Western People, Connaught Telegraph, Mayo News, Mayo Advertiser, MWR fm, RnaG agus mar sin de Nuachtlitreacha na bparóistí éagsúla Ríomhphost (agus/nó glaochanna gutháin nó grúpthéacs) chuig (a) eagraíochtaí na scéime agus (b) eagraíochtaí an cheantair nach bhfuil páirteach inti go fóill 	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> Ionad lárnach a roghnú m.sh. an t-ionad ealaíon nó an t-ionad oidhreacht Labhair leis an mbainisteoir agus deimhnigh dáta an imeachta Déan socruithe maidir le hárachas don imeacht Eagraigh aoichainteoir chun cur i láthair a dhéanamh maidir le buntáistí na Gaeilge don ghnó agus don phobal, féidearthachtaí maidir leis an scéim a fhorbairt agus mar sin de Fógair an t-imeacht mí nó sé seachtaine roimh ré agus cuir teachtaireachtaí chuig daoine ar an liosta rannpháirtithe Déan líon na ndaoine a bheidh ag teacht a chinntiú coicís nó seachtain roimh an imeacht Ag an imeacht féin déan cur i láthair maidir le buntáistí na Gaeilge don ghnó, an dialann teanga a líonadh, féidearthachtaí maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn san eagraíocht srl. Cuir ceist ar roinnt eagraíochtaí chun cur i láthair beag a dhéanamh maidir lena ndul chun cinn féin agus taithí faoin scéim Spreag na rannpháirtithe le ceisteanna a chur srl. Tabhair sonraí teagmhála an chomhordaitheora teanga go soiléir ag an deireadh Bailigh eolas maidir le dul chun cinn an fheachtais in eagraíochtaí éagsúla 	
Acmhainní nó seirbhísí ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> Póstaer chun an imeacht a fhógairt Fíon agus gloiní Blaisíní bia Trealamh i gcomhair cur i láthair más gá Córas fógartha poiblí 	

Moltaí maidir le haistritheoirí	Ainm	Sonraí teagmhála
Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> • Costais taistil agus táillí na n-aoichainteoirí • Fíon, gloiní agus sólaistí • Clódóireacht, eitleoga nó póstaer • Cíos agus árachas an ionaid 	
Foinsí maoinithe	Earra	Méid
<p>Nótaí</p>		
<p>Torthaí agus aiseolas</p>		

1.04 Lón le Gaeilge

Teideal an Imeachta	Lón le Gaeilge	
Aidhmeanna	Deis shóisialta a chur ar fáil do lucht na n-eagraíochtaí áitiúla an Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacs neamhghoimíúil uair sa mhí in ionad lárnach i mBaile Bhéal an Mhuirthead	
Cuspóirí	Lón le Gaeilge a reáchtáil uair sa mhí in óstán / bialann nó ionad lárnach eile sa bhaile. Nósmhaireachtaí nua labhartha Gaeilge (chomh maith le gréasán Gaeilge) a fhorbairt idir rannpháirtithe in imeacht ama.	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Ionadaithe ó ghnólachtaí agus eagraíochtaí éagsúla sa cheantar • An comhordaitheoir teanga nó ionadaí ceaptha aige aici 	
Eagraí	CFID	
Fógraíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Suíomh gréasáin agus leathanach Facebook Ionad Deirbhile • Erris Eye (fógra le bheith istigh faoin 15ú lá den mhí i gcónaí) • Nuachtlitreacha na bparóistí éagsúla • Ríomhphost a chur chuig daoine ar an liosta gnólachtaí • Teachtaireacht téacs a chur chuig daoine ar an ngrúpthéacs 	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Cinneadh a dhéanamh faoin lá is fearr leis an lón a reáchtáil (m.sh. an chéad Aoine de gach mí) ionas go mbeidh socrú soiléir rialta ann. • Labhair le bainisteoir an óstáin / na bialainne agus pléigh socrúithe don imeacht - An mbeidh freastalaí le Gaeilge ar fáil? An bhféadfaí margadh speisialta a chur ar fáil don ócáid m.sh. ceapaire agus anraith ar €5? An bhféadfaí biachlár Gaeilge a úsáid don imeacht? • Déan póstaer a dhearadh don imeacht agus a chur suas ar Facebook, suíomh Ionad Deirbhile srl. • D'fhéadfaí liosta frásaí úsáideacha ar chárta beag a scaipeadh ar dhaoine roimh ré le go mbeadh cúpla frása acu le hiad a chur ar a gcompord. • Labhair leis an mbainisteoir bialainne agus deimhnigh go mbeidh an ócáid ag dul ar aghaidh agus/nó chun é/í a mheabhrú faoi. • Déan an t-imeacht a fhógairt mí roimh ré agus seol teachtaireachtaí chuig daoine ar an liosta • Déan cinnte go mbeidh an comhordaitheoir teanga i láthair (nó duine ceaptha aige / aici) ag an imeacht i gcónaí 	
Acmhainní Ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> • Póstaer físiúil agus tarraingteach chun an imeacht a fhógairt • Biachlár Gaeilge más féidir • Liosta frásaí úsáideacha le scaipeadh roimh an imeacht • Téama an lae le roghnú nó ligean don ghnáthchomhrá? 	
Moltaí maidir le hionad	Ionad agus ainm an bhainisteora	Sonraí teagmhála
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

1.05 Acmhainní teanga a ullmhú d'eagraíochtaí atá páirteach sa scéim teanga

Teideal an Tionscadail	Acmhainní teanga a ullmhú d'eagraíochtaí atá páirteach sa scéim teanga	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> • Tacú le rannpháirtithe na scéime an Ghaeilge a úsáid ina bplé leis an bpobal • Úsáid na Gaeilge a éascú in eagraíocht 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> • Acmhainní teanga m.sh. liostaí frásaí agus comhráite samplacha a chur le chéile a mbeidh foireann eagraíochta ábalta tarraingt orthu go furasta • Acmhainní priontáilte atá in úsáid ag an eagraíocht a aistriú go Gaeilge nó go dátheangach leis an nGaeilge in uachtar orthu 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • An eagraíocht féin • CFID • An comhordaitheoir teanga • Aistritheoir 	
Eagraí	CFID	
Le déanamh	Acmhainní teanga d'fhoireann na heagraíochta	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Déan liosta as Béarla den stór focal agus na frásaí is coitianta a úsáidtear san eagraíocht. Más gá caith cúpla uair an chloig nó mar sin ag déanamh breathnóireachta ar idirghníomhaíocht an phobail le foireann na heagraíochta nó déan taighde ar líne maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil san eagraíocht. • Déan an stór focal agus na frásaí / comhráite beaga a aistriú go Gaeilge ansin. • Más gá, déan na frásaí a rangú de réir idirbhearta. In ollmhargadh mar shampla, bheadh stór focal agus idirbhearta éagsúla a bhaineann leis an <i>checkout</i> cinn eile a bhaineann leis an gcuntar deli, srl. • Déan póstaer dhaite le léaráidí a dhearadh a bheidh le cruthú taobh thiar den chuntar, sa seomra foirne / in oifigí na n-institiúidí srl. Sa dóigh seo beidh an fhoireann ábalta breathnú orthu agus an t-eolas a fhoghlaim go teagmhasach. • Más féidir, déan cártaí beaga a dhearadh ar a bhfuil na frásaí / comhráite is atá ar na póstaer m.sh. frásaí úsáideacha don ollmhargadh, d'oifig an phoist, don tábhairne srl. • Cuir ar fáil don phobal iad m.sh. ag an gcuntar srl. go spreagfar iad lena ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge. • Faigh aiseolas ar bhonn rialta ó na heagraíochtaí maidir le héifeachtacht na n-acmhainní <p>Acmhainní priontáilte na heagraíochta</p> <ul style="list-style-type: none"> • Plé na féidearthachtaí atá ann maidir le leagan Gaeilge d'acmhainní priontáilte na h-eagraíochta a chur ar fáil m.sh. biachlár dátheangach, praghasliostaí, bileoga fáiltithe sheomraí óstáin, fógraí sna nuachtáin, eitleoga, cártaí Nollag srl. • Faigh samplaí de na cinn atá in úsáid ar leagan Word / PDF / Photoshop srl. • Déan na hacmhainní a aistriú nó faigh aistritheoir proifisiúnta leis na profaí a léamh. 	
Acmhainní agus seirbhísí ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> • Leagan Béarla den stór focal agus frásaí coitianta a úsáidtear san institiúid • Ábhair phriontáilte na heagraíochta a fháil i bhformaid Word / PDF / Photoshop • Seirbhísí aistritheora • Seirbhísí dearthóra 	

Moltaí maidir le haistritheoirí agus dearthóirí	Ainm	Sonraí Teagmhála
Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> • Dearadh grafach na bpóstaeir agus na gcártaí teanga • Costais phriontála • Táillí aistritheora 	
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

02. An Ghaeilge i measc na hÓige

2.01 Tionscal scríbhneoireachta le foilseachán áitiúil

Teideal an Tionscadail	Tionscal scríbhneoireachta i gcomhar le foilseachán áitiúil	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> • Páistí a spreagadh le bheith ag scríobh as Gaeilge • Ábhar léitheoireachta Gaeilge a chur ar fáil don phobal 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> • Saothar scríbhneoireachta pháistí ó scoileanna éagsúla a fhoilsiú san irisleabhar míosúil Erris Eye • Aird a tharraingt ar an saothar seo trí iad a chur ar Facebook agus mar sin de 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Daltaí scoileanna i bparóiste na Cille Móire agus paróiste Bhéal an Mhuirthead • Múinteoirí i scoileanna na bparóistí thuasluaite • Erris Eye • An comhordaitheoir teanga 	
Eagraí	Ionad Deirbhile i gcomhar leis an <i>Erris Eye</i>	
Fógraíocht	Na hailt a chur ar leathanach Facebook agus ar suíomh idirlín Ionad Deirbhile nuair a fhoilsítear iad gach mí.	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Cuir ríomhphost chuig scoileanna éagsúla ag meabhrú dóibh faoin spriocdháta d'ailt (is é 15ú spriocdháta an Erris Eye mar sin ba cheart na hailt a bheith faighte ag bainisteoir an tionscadail faoin 10ú lá nó mar sin). • Bailigh na hailt in aon fhillteán amháin • Cuir na hailt in eagar nó a chur chuig eagarthóir iad • Cuir na hailt chuig an Erris Eye • Cuir na hailt fhoilsiú ar an leathanach Facebook gach mí • Ba cheart don Erris Eye duaiseanna a bhronnadh don obair seo (m.sh. t-léine don alt is fearr ag deireadh na bliana scoile) agus ní mór é seo a shocrú leo roimh ré agus na duaiseanna a fhógairt 	
Acmhainní nó seirbhísí ag teastáil		Le socrú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> • Duaiseanna do bhuaiteoirí an tionscadail • Seirbhísí eagarthóireachta 	
Moladh maidir le heagarthóir	Ainm	Sonraí teagmhála
Costais	Ní bheidh aon chostas ag baint leis an togra seo ach amháin más gá eagarthóir a earcú, duaiseanna a cheannach nó a lorg.	
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

2.02 Féile Scoildrámaíochta a eagrú

Teideal an Imeachta	Féile Scoildrámaíochta a eagrú	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> • Dúil sa Ghaeilge a chothú tríd an drámaíocht • Spéis a chothú sa drámaíocht agus i litríocht na Gaeilge • Féinmhuinín a chothú • Saibhreas agus líofacht sa Ghaeilge a chothú 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> • Féile Scoildrámaíochta a reáchtáil i gcompháirtíocht leis an gCumann Scoildrámaíochta, le scoileanna Iorrais agus leis an ionad ealaíon sa cheantar 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Múinteoirí na scoileanna • Daltaí na scoileanna • Tuismitheoirí na ndaltaí • An comhordaitheoir teanga 	
Eagraí	<ul style="list-style-type: none"> • CFID • An Cumann Scoildrámaíochta • An tIonad ealaíon • Na scoileanna áitiúla 	
Fógraíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Nuachtlitreacha na scoileanna • Suíomh idirlín agus leathanach Facebook Ionad Deirbhile • An Erris Eye • Western People 	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Má táthar ag iarraidh an fhéile a bheith mar chuid den fhéile Náisiúnta i mí Feabhra- Márta, beidh gá le tús a chur leis an eagrúchán i mí Mheán Fómhair gach bliain • Léigh an t-eolas atá ar fáil ag www.scoildramaiocht.ie • Reáchtáilann an Cumann Scoildrámaíochta ceardlanna dírithe ar mhúinteoirí atá ag iarraidh dráma a léiriú ar stáitse. B'fhiú fiosrú leo cathain a bheidh siad ar siúl agus múinteoirí a chur ar an eolas dá réir. • Pléigh an fhéile leis an bhfoireann san ionad ealaíon. Pléigh dáta leo. Faigh amach an líon scoileanna a d'fhéadfadh bheith páirteach in aon lá amháin, plean don lá / laethanta/ lóistíocht (<i>logistics</i>), cúrsaí árachais srl. • Cuir litir amach chuig na scoileanna éagsúla chun an fhéile a mhíniú agus tabhair dátaí molta don imeacht. Cuir ar a súile do na scoileanna go gcuirfear tacaíocht ar fáil dóibh na drámaí a ullmhú. • Cuir glaoh ar phríomhoidí na scoileanna agus faigh amach an bhfuil suim acu páirt a ghlacadh san fhéile agus cé mhéad dráma ba mhaith leo a léiriú. Seans gurbh fhiú do scoil dráma amháin a léiriú sa chéad bhliain. Iarr ar an scoil ball foirne a ainmiú a bheidh mar theagmhálaí don fhéile. • Pléigh an fhéile leis an ionad ealaíon arís agus déan plean maidir leis na socruithe a bheidh i gceist ar an lá m.sh. cé mhéad scoileanna a bheidh páirteach, líon foirne a bheidh ag teastáil ar an lá, lóistíocht, cúrsaí árachais srl. • Cuir an Cumann Scoildrámaíochta ar an eolas maidir leis na pleananna, dátaí srl. faoi mhí Dheireadh Fómhair. Pléigh socruithe leo maidir le drámaí, foirmeacha iarratais srl. • Ceap duine / daoine le cabhrú leis na scoileanna ullmhú m.sh. línte a chleachtadh leis na páistí, cultacha agus frapaí a aimsiú srl. • Déan iarracht foireann tuismitheoirí ó na scoileanna éagsúla a chur le chéile le cabhrú ar an lá. • Eagraigh cruinniú leis na múinteoirí agus leis na tuismitheoirí níos gaire do dháta an imeachta le socruithe maidir leis an lá a phlé m.sh. sceideal, socruithe taistil. • Déan an t- imeacht a fhógairt sna nuachtáin áitiúla, i nuachtlitreacha an pharóiste agus mar sin de. 	

Acmhainní agus seirbhísí ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> • Rogha drámaí do na scoileanna • Liosta propanna agus cultacha ag teastáil • Liosta tuismitheoirí chun cuidiú leis an ullmhúchán agus an fhéile 	
Liosta scoileanna agus teagmhálaithe	Ainm	Sonraí teagmhála
Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> • Costais taistil chuig an imeacht • Cultacha, propanna agus ábhair eile • Árachas • Sólaistí do na páistí, na múinteoirí agus na cuiditheoirí ar an lá 	
Foinsí Maoinithe	Earra	Méid
<p>Nótaí</p>		
<p>Torthaí agus aiseolas</p>		

2.03 Ceolchoirm Ghaeilge a réachtáil i scoil

Teideal an Tionscadail	Ceolchoirm Ghaeilge a réachtáil i scoileann	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> • Dúil a chothú sa Ghaeilge trí cheolchoirm Ghaeilge a réachtáil i scoil uair sa bhliain • An nasc Gaeilge a láidriú idir an scoil agus an baile 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> • Ceolchoirm Ghaeilge a réachtáil do thuismitheoirí agus pobal na scoile ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i gceist: Amhránaíocht, rannata, filíocht, ceol Gaelach, damhsa Gaelach, scéalaíocht, drámaíocht, ealaín - labhairt faoi phíosáí ealaíne atá déanta ag na páistí agus mar sin de. 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Daltaí na scoile • Na múinteoirí • Na thuismitheoirí • An comhordaitheoir teanga 	
Eagraí	CFID	
Fógraíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin imeacht trí nótaí a chur abhaile 	
Le déanamh		Freagracht ar:
	<p>Cruinniú 1:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Plé an tionscadal leis na príomhoidí éagsúla agus faigh amach an bhfuil suim acu ceolchoirm Ghaeilge a réachtáil uair sa bhliain ina scoil féin. • Déan socrú chun bualadh leo go luath ina dhiaidh sin. <p>Cruinniú 2:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Déan cinneadh faoi dháta a bheadh oiriúnach don imeacht. D'fhéadfadh an imeacht a bheith ag teacht le téama nó féile áirithe m.sh. Lá Fhéile Pádraig, Oíche Shamhna, cuir i gcás. • Cuir moltaí chucu maidir le dánta, scéalta, amhráin agus mar sin de. • Buail leis na múinteoirí éagsúla ina dhiaidh sin le fáil amach céard a bheidh ar siúl acu agus faigh amach an bhfuil cabhair ar bith de dhíth orthu leis an ullmhúchán. Déan sceideal na ceolchoirme a shocrú. • Pléigh na féidearthachtaí maidir leis an lá. M.sh. go ndéanfaidh gach rang rud amháin nó dhá rud. • Faigh ainm agus sonraí duine amháin sa scoil ar féidir coinneáil i dteagmháil leis maidir le dul chun cinn srl. • Faigh aiseolas leanúnach ó na múinteoirí maidir leis na rudáí atá uathu srl. • Faigh cead ó thuismitheoirí agus ó mhúinteoirí an cheolchoirm a thairfeadh le go mbeidh na daltaí, in ann féachaint siar air ina dhiaidh. 	
Acmhainní ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> • Liosta propanna, cultacha, ábhair seit • Moltaí maidir le dánta, amhráin • Milseáin, duaiseanna srl. do na páistí ar an lá • Soláistí do thuismitheoirí • Físcemara agus tripod 	
Liosta Teagmhálaithe don tionscadal	Ainm	Sonraí teagmhála
	Príomhoidí na scoileanna éagsúla	
Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> • Soláistí • Propanna cultacha srl. 	
Foinsí Maoinithe	Earra	Méid
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

2.04 Seisiún cluichí le tuismitheoirí i mbunscoileanna

Teideal an Imeachta	Seisiún cluichí le tuismitheoirí i mbunscoileanna	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> • Dúil sa Ghaeilge a chothú i measc pháistí trí chluichí Gaeilge a imirt • Nasc na Gaeilge idir an scoil agus an baile a láidriú 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> • Seisiún cluichí daichead nóiméad a réachtáil le tuismitheoirí i mbunscoileanna éagsúla uair sa mhí 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Múinteoirí na scoileanna éagsúla • Tuismitheoirí na ndaltaí • An comhordaitheoir teanga nó ionadaí ceaptha aige / aici 	
Eagraí	CFID	
Fógraíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Nóta i nuachtlitir na scoile • Fógra ó bhéal ó mhúinteoirí 	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Cluichí a cheannach a bhaineann le haoisghrúpaí éagsúla (m.sh. naíonáin, rang 1&2 3&4, 5&6). • Déan teagmháil le príomhoidí na scoileanna éagsúla agus faigh amach an bhfuil siad ag iarraidh tabhairt faoin tionscadal. Má tá, pléigh na bealaí is fearr leis an tionscadal a rith m.sh. an lá a bheidh i gceist, leagan amach an tseomra, na tuismitheoirí a bheidh ag plé leis na haoisghrúpaí éagsúla, an leibhéal Gaeilge atá acu agus mar sin de. • Déan cinneadh faoi na nithe thuasluaite agus déan teagmháil leis na tuismitheoirí a bheidh páirteach. • Eagraigh seisiún oilúna leis na tuismitheoirí roimh ré chun aidhmeanna agus cur chuige a mhíniú dóibh agus le léiriú dóibh conas na cluichí a imirt, an teanga chuí a bheidh ag teastáil uathu agus mar sin de. Scaip bileoga tacaíochta orthu i dtaca leis seo. • Bí i láthair ag na seisiúin cluichí chun cabhrú le múinteoirí agus na tuismitheoirí. 	
Acmhainní ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> • Cluichí Gaeilge • Míreanna Mearaí Cluichí Gaeilge de chuid Smarty Cat Games Cluiche aibítire na Gaeilge Réalta an Ranga ó Ghaelchultúr Dúradáin Mheabhreacha (dominoes) Junior Scrabble as Gaeilge League Leader – iománaíocht as Gaeilge Charades as Gaeilge Crannóg le fáil ó Ghlór na nGael Scrabble as Gaeilge ArdRí • Féach ar na súimh seo a leanas i gcomhair tuilleadh moltaí: www.udar.ie; www.sioipa.ie; www.cnagsioipa.com; www.glórangael.ie; www.cogg.ie; www.smartycatgames.ie • Cluichí eile ar féidir iad a imirt i dteanga ar bith m.sh. Connect 4, Guess who • Liosta na gcluichí éagsúla • Treoracha do thuismitheoirí agus liosta frásaí simplí chun na cluichí a imirt m.sh. ‘Glac thusa seal anois’ ‘Caith an díse’ ‘Pointe amháin duitse’ srl. • Plean ceachta don seisiún oilúna le tuismitheoirí 	
Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> • Bailiúchán de chluichí do gach scoil 	
Foinsí Maoinithe	Earra	Méid
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

2.05 An Club Óige

Teideal an Imeachta	An Club Óige	
Aidhmeanna	Cuir le húsáid laethúil na Gaeilge i measc na hóige	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> • Líon na gcinnirí a ardú • Líon ball an chlub óige a mhéadú • Caighdeán Gaeilge an chlub a fheabhsú • Cuir le torthaí foghlamtha an chlub 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Foireann an chlub • An comhordaitheoir teanga nó duine ceaptha aige / aici • Éascaitheoirí éagsúla 	
Eagraí	<ul style="list-style-type: none"> • Club óige • CFID 	
Fógraíocht	An Feachtas Earcaíochta <ul style="list-style-type: none"> • MWR FM • Western People • Facebook • Na nuachtlitreacha áitiúla 	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Déan foireann níos airde a earcú – trí fheachtas fógraíochta ar na meáin áitiúla, ag cuardach daoine a bhfuil Gaeilge acu chun a bheith ina gcinnirí go deonach. • Cuir cúrsa oiliúna sa Ghaeilge ar fáil do dhaoine atá ag iarraidh bheith ina gcinnirí ag an gclub le go mbeidh siad muiníneach ag tabhairt treoracha / ag imirt cluichí / ag déanamh cumarsáide le baill an chlub (m.sh. cúrsa lae nó deireadh seachtaine uair sa bhliain). • Croch póstaer de rialacha nó comhaontú an chlub ar na ballaí, chomh maith le frásaí úsáideacha agus stór focal. • Eagraigh cruinnithe ráithe do choiste an chlub le clár imeachtaí a bheartú, cúrsaí airgeadais a phlé, foireann a eagrú, ceisteanna agus fadhbanna a phlé srl. • Cuir clár imeachtaí níos leithne ar fáil don chlub. M.sh. iarr ar áisitheoirí drámaíochta, ealaíne, spóirt srl. a bhfuil Gaeilge acu a gcuid seirbhísí a chur ar fáil. • Cuir suíomh idirlín/ leathanach Facebook ar bun ina bhféadfaí grianghraif d'imeachtaí an chlub, comhaid fuaimne srl. a uaslódáil. • Reáchtáil taispeántas d'imeachtaí an chlub- ealaín, damhsa, spóirt srl. uair sa bhliain in halla an phobail agus tabhair cuireadh do thuismitheoirí freastal ar an ócáid. • Téigh ar thurais le clubanna óige eile sa cheantar (m.sh. babhláil trí Ghaeilge, díoscó agus mar sin de). 	
Acmhainní agus seirbhísí atá ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> • Acmhainní daonna- daoine a bhfuil leibhéal réasúnta Gaeilge acu le bheith ina gcinnirí • Duine leis an suíomh / leathanach Facebook a riaradh (i. oifigeach chaidrimh phoiblí) • Éascaitheoirí le ceardlanna a reáchtáil • Gléas taifeadta agus ceamara chun sciar d'imeachtaí an chlub a thaifeadh 	

Moltaí maidir le héascaitheoirí	Ainm	Sonraí teagmhála
Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> • Turais m.sh. busanna, cead isteach • Éascaitheoirí éagsúla m.sh. ealaín, drámaíochta srl. • Costais taistil • Trealamh teicneolaíochta • Oícheanta sóisialta don fhoireann • Costais leictreachais agus teasa 	
Foinsí Máoinithe	Earra	Foinsí Máoinithe
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

3.01 Bailiú seanchais

Teideal an Imeachta	Bailiú seanchais	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> • Deis a thabhairt do dhaoine aosta an cheantair bualadh le chéile agus an Ghaeilge a labhairt go sóisialta • Deis a thabhairt dóibh a gcuid seanchas a roinnt agus a thairfeadh 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> • Ciorcal comhrá dírithe ar dhaoine aosta an cheantair a reáchtáil uair sa mhí nó mar sin le deis a thabhairt dóibh seanchas a roinnt agus a thairfeadh 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Daoine aosta an cheantair • An comhordaitheoir teanga nó duine ceaptha aige / aici • Éascaitheoir chun an seisiún a stiúradh: duine a bhfuil tuiscint mhaith aige / aici ar chanúint an cheantair agus spéis ar leith sa seanchas 	
Eagraí	Ionad Deirbhile	
Fógraíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Cuir fógra amach ar MWR agus RnaG ag rá go bhfuil Ionad Deirbhile ag iarraidh seanchas a bhailiú ó dhaoine aosta an cheantair agus tabhair uimhir theagmhála an duine atá á eagrú • Cuir fógra sa nuachtlitr áitiúil faoin tionscadal agus tabhair uimhir theagmhála an duine atá á eagrú 	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Labhair le daoine áitiúla le fáil amach cén lá agus cén t-am is fearr leis an gciorcail seanchais a reáchtáil • Téigh i dteagmháil leis na daoine aosta áitiúla le míniú dóibh céard a bheidh i gceist. Má bhíonn téama faoi leith i gceist m.sh. seanchas na farraige, tabhair an téama sin dóibh mí nó coicis roimh ré le go mbeidh am acu bheith ag déanamh machnaimh air • Eagraigh bus chun na daoine a bhailiú agus a thabhairt go hIonad Deirbhile • Eagraigh soláistí m.sh. ceapairí, cácaí, briosaí srl. do na rannpháirtithe • Bíodh ball foirne de chuid CFID i láthair ag an seisiún le cuidiú leis an tairfeadh, le cur leis an gcomhrá. • Muna n-éiríonn le daoine áirithe freastal ar an ócáid agus más fearr leo píosa cainte a dhéanamh ón mbaile, déan socruithe i dtaca leis sin • Déan an t-ábhar a chur in eagar agus a uaslódáil go freastalaí CFID agus déan trascriobh air más gá 	
Acmhainní nó seirbhísí atá ag teastáil	Earra	Le socrú ag
	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhísí an éascaitheora nó an bhailitheora seanchais • Gléas maith tairfedta • Fisceamara • Sólaistí do na rannpháirtithe • Traenáil theicniúil ar eagarthóireacht fuaimne • Seirbhísí trascriofa 	
Moltaí maidir le héascaitheoirí/ bailitheoirí seanchais	Ainm	Sonraí Teagmhála
	<ul style="list-style-type: none"> • Seán Ó hÉalaí (Caisleán an Bharraigh) • Máirtín Mac Donnchadha (Cathair na Mart) • John Mhaidhcí Ó Gallachóir (Cathair na Mart) • Tomás Mac Sheáin (Acaill) • Mary John Tom Bhreathnach (Tonn na hUlltaigh) • Tomás Bán Ó Rathailigh (Béal an Átha) • P.J. Mac Fhionntaigh • Paddy Harry Ó Catháin. 	

Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> • Táille agus costais taistil nó táille an éascaitheora (má bhíonn a leithéid i gceist) • Soláistí do na rannpháirtithe • Bus do na rannpháirtithe • Traenáil theicniúil ar eagarthóireacht fuaime • Trealamh taifeadta m.sh. gléas taifeadta 	
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

3.02 Coiste agus club Tuismitheoirí is Páistí a bhunú

Teideal an Imeachta	Coiste agus club tuismitheoirí agus páistí a bhunú	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> • An Ghaeilge a chur chun cinn i measc theaghlaigh an phobail • Tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil clainne trí Ghaeilge • Líonra sóisialta Gaeilge a chruthú do theaghlaigh sa phobal 	
Cuspóirí	Coiste Tuismitheoirí a bhunú a bheidh ábalta imeachtaí a reáchtáil do theaghlaigh sa cheantar ar bhonn rialta, tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag iarraidh clann a thógáil le Gaeilge.	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Tuismitheoirí an cheantair • An comhordaitheoir teanga • An comhairleoir pleanála teanga • Ionadaí ó Ghlor na nGael 	
Eagraí	<ul style="list-style-type: none"> • Ionad Deirbhile • Tuismitheoirí áitiúla • Glór na nGael 	
Fógraíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Déan fógraíocht i nuachtlitreacha na bparóistí éagsúla go bhfuiltear ag iarraidh coiste tuismitheoirí a bhunú dírithe ar an nGaeilge. • Déan an tionscadal a fhógairt sna scoileanna éagsúla • Déan fógraíocht ar Facebook agus mar sin de. 	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Labhair le tuismitheoirí sa cheantar atá ag tógáil clainne trí Ghaeilge cheana féin le féachaint an mbeadh suim acu club nua a bhunú do thuismitheoirí. • Déan bileog nó póstaer a chur le chéile a léiríonn go bhfuil an club nua seo le bunú. • Eagraigh cruinnithe go dátheangach leo le suim a mheas sa chlub. Pléigh na cúiseanna agus na buntáistí a bhaineann lena leithéid de chlub a bheith ar fáil sa cheantar. B'fhiú do chomhairleoir pleanála teanga a bheith i láthair ag an gcruinniú seo. • Iarr ar ionadaí ó Ghlor na nGael freastal ar chruinniú le comhairle agus eolas a chur ar fáil don ghrúpa agus le nasc a dhéanamh leis an eagraíocht. • Togh coiste más féidir tar éis cúpla cruinniú agus cum ainm don chlub. Leag síos aidhmeanna agus cuspóirí, éiteas, ráiteas misin srl. Pléigh na riachtanais agus na féidearthachtaí atá ann maidir le himeachtaí, seirbhísí a chur ar fáil agus mar sin de. • Pléigh foinsí maoinithe d'ócáidí sa todhchaí 	
Acmhainní agus seirbhísí ag teastáil	Earra	Le socrú ag
	<ul style="list-style-type: none"> • Liosta ainmneacha de thuismitheoirí sa cheantar atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge agus a gcuid sonraí teagmhála • Ionad do na cruinnithe • Comhairle ó ghrúpaí comhchosúla timpeall na tíre • Comhairle ó Ghlor na nGael, Tuismitheoirí na Gaeltachta 	
Costais	Níor cheart go mbeadh aon chostas ag baint leis an gcoiste a bhunú	
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

3.03 Lá Spraoi lán-Ghaeilge a reáchtáil do theaghlaigh

Teideal an Imeachta	Lá spraoi lán-Ghaeilge a reáchtáil do theaghlaigh	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> • An Ghaeilge a chur chun cinn i measc theaghlaigh an phobail • Tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil clainne trí Ghaeilge • Líonra sóisialta Gaeilge a chruthú do theaghlaigh sa phobal 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> • Lá Spraoi Teaghlaigh a reáchtáil uair sa ráithe. Mar shampla, um Nollag, Lá le Pádraig, um Cháisc, lá spraoi an tsamhraidh, oíche Shamhna agus mar sin de • Ba cheart go mairfeadh an ócáid uair an chloig (nó dhó) ar a laghad 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Tuismitheoirí • Páistí • Áisitheoirí: m.sh. péinteálaí aghaidhe, áisitheoir ealaíon is ceirdeanna, scéalaí, fear/ bean ghrinn, seó puipéad • An comhordaitheoir teanga 	
Eagraí	<ul style="list-style-type: none"> • CFID • An coiste tuismitheoirí 	
Fógraíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Leathanach Facebook agus suíomh idirlín Ionad Deirbhile • Nuachtlitreachta na bparóistí éagsúla • Póstaer a chur sa scoil • Erris Eye agus The Western People • Fógra a chur sna nuachtlitreacha áitiúla 	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Labhair le Coiste na dTuismitheoirí agus déan cinneadh faoi dháta na himeachta agus déan sceideal agus plean don lá. • Déan cinnte go bhfuil an t-ionad clúdaithe ó thaobh árachas de -taobh amuigh agus taobh istigh. • Déan cinneadh faoi na cúraimí a bheidh ar dhaoine éagsúla ar an lá m.sh. duine amháin i mbun cluichí, duine eile i mbun sólaistí srl. • Téigh i dteagmháil leis na héascaitheoirí a bheidh ag teastáil don lá m.sh. ceardaíocht, péinteáil aghaidhe, scéalaí, Daidí na Nollag, Cítí Cailleach, Coinín na Cásca srl.). Cuir in áirithe iad agus aimsigh cultacha dóibh más gá. • Déan cinnte go bhfuil Gaeilge ag na héascaitheoirí éagsúla a bheidh ag teastáil. Mura bhfuil éascaitheoir faoi leith róíofa sa Ghaeilge, pléigh an teanga a bheidh ag teastáil uathu don imeacht. • Muna duine proifisiúnta a bheidh i mbun gníomhaíochta faoi leith ar an lá, déan cinnte go bhfuil an duine sin eolach ar an ábhar agus ar an jab a bheidh le déanamh aige. • Déan póstaer a dhearadh agus déan an imeacht a fhógairt mí roimh ré. • Cuir an póstaer timpeall an cheantair, ar an suíomh idirlín ar Facebook. • Ceannaigh duaiseanna agus ábhair éagsúla do na héascaitheoirí más gá. • Faigh ábhair éagsúla do chluichí agus do ghníomhaíochtaí m.sh. tóraíocht taisce, cúinne na leabhar, cluichí ciorcail, rásaí spraoi srl. • Cuir téacs chuig tuismitheoirí ag meabhrú dóibh faoin imeacht. 	

Acmhainní agus seirbhísí ag teastáil	Earra	Le socrú ag
	<ul style="list-style-type: none"> • Éascaitheoirí don lá m.sh. péinteálaí aghaidhe, scéalaí, ealaíontóir srl. • Ábhair ealaíne más gá • Spot-duaiseanna • Cultacha - an chailleach, Daidí na Nollag, Coinín na Cásca, Fear / Bean ghrinn / draoi • Péinteanna aghaidhe • Preabchaisleán • Liosta cluichí ciorcail (treoracha san áireamh) i gcomhair taobh istigh • Liosta cluichí (treoracha san áireamh) i gcomhair taobh amuigh agus trealaimh • Tóraíocht taisce • Ceol don lá • Sólaistí do na thuismitheoirí agus na páistí • Balúin agus maisiúcháin • Liosta ainmneacha de thuismitheoirí sa cheantar atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge agus a gcuid sonraí teagmhála • Bréagáin 	
Moltaí maidir le héascaitheoirí	Ainm	Sonraí Teagmhála
Costais	Earra	Méid
	Earra Éascaitheoirí Preab chaisleán Duaiseanna Maisiúcháin Sólaistí do thuismitheoirí agus páistí Eile	
Foinsí Maoinithe	Earra	Foinsí Maoinithe
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

3.04 Féile Deireadh Seachtaine do Theaghlaigh

Teideal an Imeachta	Féile deireadh seachtaine do theaghlaigh	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> • Bród agus suim mhuintir an cheantair a mhúscailt ina dteanga agus ina gcanúint féin trí imeacht mar seo a eagrú • Tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> • Féile Ghaeilge deireadh seachtaine a réachtáil ar an Eachléim uair sa bhliain • Cainteoirí Gaeilge ó áiteanna éagsúla sa tír a mhealladh chun na hEachléime 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Grúpaí éagsúla m.sh. craobhacha Chonradh na Gaeilge • Teaghlaigh ó thimpeall na tíre • Teaghlaigh ó cheantar na hEachléime agus ó cheantar Iorrais 	
Eagraí	<ul style="list-style-type: none"> • Ionad Deirbhile • Eagraíochtaí áitiúla eile m.sh. Údarás na Gaeltachta, UISCE, Erris Beo, Áras Inis Gluaire srl. • Eagraíochtaí Gaeilge uilenáisiúnta m.sh. Glór na nGael, Conradh na Gaeilge srl. 	
Fógraíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Suíomh idirlín agus leathanach Facebook Ionad Deirbhile • Suímh Eagraíochtaí Gaeilge m.sh. Conradh na Gaeilge, Glór na nGael agus mar sin de • Erris Eye agus The Western People • Nuachtlitreacha na bparóistí áitiúla 	
Le déanamh	Réamhphleanáil	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Pléigh an togra le grúpaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith páirteach m.sh. ionad ealaíon, ionad eachtraíochta, coiste turasóireachta, Craobh Chonradh na Gaeilge Mhaigh Eo, Údarás na Gaeltachta, Glór na nGael srl. • Déan cinneadh faoin líon daoine ó cheantair eile d'fhéadfadh freastal orthu. • Déan liosta de na daoine a d'fhéadfadh bheith páirteach san ócáid. • Pléigh costaisí agus maoiniú don ócáid. • Cuir coiste eagraithe le chéile don imeacht agus déan cúraimí a dháileadh ar dhaoine éagsúla. <p>Céimeanna</p> <ul style="list-style-type: none"> • Déan cinneadh faoi dháta don fhéile. B'fhéarr am a roghnú a mbeidh mná tí an cheantair saor chun lóistín a chur ar fáil m.sh. mí Aibreáin nó mí Mheán Fómhair • Ba chóir go mbeadh an clár imeachtaí dírithe ar an bpobal agus ar chuirteoirí araon. Seachain imeachtaí atá dírithe ar thurasóirí amháin mar sin. Pléigh clár imeachtaí agus áisitheoirí m.sh.; <p>Ranganna Gaeilge do d'fhoghlaimoírí Ealaín is ceirdeanna, sealgaireacht Léachtaí ar Ghaeilge na hEachléime, ar stair aitiúil srl. Imeachtaí uisce trí Ghaeilge Imeachtaí do pháistí Ceardlann damhsa ar an sean-nós Ceardlann amhránaíochta ar an sean-nós Comórtas siamsaíochta, drámaíocht Seisiúin cheoil.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Plé socruithe maidir le hárachas d'imeachtaí éagsúla. • Plé an ócáid le mná tí an cheantair, déan liosta de na tithe a bheadh oiriúnach mar óstaithe don deireadh seachtaine. Socraigh ráta leo. • Socraigh an táille a bheidh le gearradh ar an lucht freastail don deireadh seachtaine. • Téigh i dteagmháil le háisitheoirí, ceoltóirí, léachtóirí agus mar sin de. • Cuir clár imeachtaí don deireadh seachtaine le chéile. • Déan an imeacht a fhógairt ar shuímh eagraíochtaí éagsúla m.sh. Conradh na Gaeilge, Glór na nGael. • Tosaigh ag glacadh le háiritheintí. • Eagraigh cruinnithe coiste rialta chun socruithe agus forbairtí a phlé. 	

Acmhainní agus seirbhísí ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	Le socrú	
Liosta Teagmhálaithe	Ainm	Sonraí teagmhála
	<ul style="list-style-type: none"> • Eagraíochtaí áitiúla • Éascaitheoirí • Múinteoirí 	
Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> • Áisitheoirí • Múinteoir do ranganna Gaeilge • Léachtóirí • Ceoltóirí • Árachas 	
Foinsí Maoinithe	Earra	Foinsí Maoinithe
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

3.05 Seisiún scéalaíochta do pháistí

Teideal an Imeachta	Seisiún Scéalaíochta do pháistí	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> • Dúil sa scéalaíocht agus i litríocht na Gaeilge a chothú i measc páistí • Cur le scileanna teanga na bpáistí 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> • Seisiún scéalaíochta Gaeilge daichead nóiméad a eagrú ar bhonn míosúil do pháistí an cheantair • Ealaín nó gníomhaíocht éigin tacaíochta a dhéanamh leis na páistí tar éis an scéil 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Páistí scoile agus a dtuismitheoirí • Scéalaláí • An comhordaitheoir teanga 	
Eagraí	CFID	
Fógraíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Leathanach Facebook agus suíomh idirlín Ionad Deirbhile • Nuachtlitir na bparóistí éagsúla • Póstaer sa leabharlann • Téacs chuig tuismitheoirí 	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Ceannaigh bailiúchán leabhar ag tús na bliana atá oiriúnach d'aoisghrúpaí éagsúla agus atá bunaithe ar théamaí éagsúla. Féach ar www.udar.ie nó cinntigh go mbeidh ábhar léitheoireachta atá feilúnach ar fáil ón leabharlann áitiúil. • Aimsigh scéalaláí - duine atá líofa sa Ghaeilge agus atá cleachtaithe ar bheith ag plé le páistí. • Déan cinneadh faoin aoisghrúpa ar a mbeidh an seisiún dírithe (m.sh. páistí na ranganna naíonán, rang 2, rang 3-6). • Lorg scéal(ta) (áitiúla) atá oiriúnach don aoisghrúpaí a bheidh i láthair. • Cinntigh ionad agus am. M.sh. ionad oidhreacht idir 3.30 - 4.30 ar lá scoile. • Roghnaigh scéal(ta) agus tabhair an leabhar ar iasacht don scéalaláí nó tabhair cóip den scéal dó/dí. • Eagraigh bileoga dathúcháin/ gníomhaíochta i gcomhair deireadh an scéil. • Dear nó leasaigh póstaer poiblíochta faoin ócáid (féach ar na teimpléid atá ar fáil ar an bhfreastaláí). • Déan fógraíocht ar an imeacht. • Ba cheart go mbeadh an comhordaitheoir teanga nó ionadaí ceaptha aige / aici ag an imeacht féin le cabhrú leis an scéalaláí agus leis an ngníomhaíocht thacaithe a dhéanamh 	
Acmhainní ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> • Scéalaláí • Réimse leathan leabhar a fheileann do na haoisghrúpaí éagsúla • Propanna (<i>props</i>) más cuí m.sh. folt bréige, hata srl. • Gníomhaíocht thacaíochta m.sh. bileog dathúcháin, léirmheas ar an scéal (le fáil ar an bhfreastaláí) • Cathaoireacha nó cúisíní do na páistí 	
Moltaí maidir le scéalaithe	Ainm	Sonraí Teagmhála

Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> • Leabhair • Bosca propanna • Criáin agus marcóirí don ealaín ina dhiaidh • Táille don scéalaí agus costas taistil 	
Foinsí Maoinithe	Earra	Foinsí Maoinithe
<p>Nótaí</p>		
<p>Torthaí agus aiseolas</p>		

4.01 Ciorcal Comhrá

Teideal an Imeachta	Ciorcal Comhrá	
Aidhmeanna	Deis a chur ar fáil do dhaoine an Ghaeilge a labhairt i suíomh neamhfoirmiúil agus gréasán Gaeilge a thógáil	
Cuspóirí	Ciorcal Comhrá a reáchtáil oíche sa tseachtain in áit lárnach (m.sh. óstán i lár an bhaile mhóir, ar feadh uair an chloig nó mar sin, uair sa tseachtain).	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Muintir na háite • An comhordaitheoir teanga nó ionadaí ceaptha aige / aici le bheith i láthair. 	
Eagraí	CFID	
Fógraíocht	An póstaer (jpeg) a chur ar leathanach Facebook agus suíomh idirlín Ionad Deirbhile le teachtaireacht bheag	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Cinneadh a dhéanamh faoin lá is fearr leis an gciorcal comhrá a reáchtáil m.sh. Déardaoin ó 8.00in. – 9.00in. • Cé go bhfuiltear ag iarraidh gur imeacht neamhfoirmiúil a bheidh i gceist leis an gciorcal comhrá, chun go leanfaidh ciorcal comhrá ar aghaidh go fadtéarmach is go meallfaidh sé cainteoirí nua, is gá go mbeadh líon áirithe daoine i láthair gach seachtain (is leor beirt!). Más féidir, déan socrú le go mbeadh ar a laghad beirt i láthair ag an imeacht ar a laghad seachtain amháin as gach mí. • Labhairt le bainisteoir an ionaid agus plé socrúithe don imeacht. • Dearaigh póstaer don imeacht agus cuir suas ar Facebook é. Déan cinnte go bhfuil sé soiléir ón bpóstaer go mbeidh fáilte roimh gach duine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá acu. • Déan cinnte go mbeidh ionadaí ón eagraíocht / láthair a bhfuil Gaeilge aige i láthair ag an imeacht i gcónaí chun bainistiú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge ag leibhéal an chomhrá. • Má bhíonn daoine i láthair ar an oíche ar bheagán Gaeilge nó nach bhfuil chomh muiníneach sin ag labhairt scaip cártaí beaga teanga d'fhrásaí úsáideacha orthu ar an oíche le misneach a thabhairt dóibh. 	
Acmhainní ag teastáil		Le socrú ag:
	Cárta beag teanga d'fhrásaí úsáideacha a chur amach chuig daoine nó le scaipeadh orthu ar an oíche.	
Costais	Níor cheart go mbeadh buiséad ar bith ag teastáil le himeacht mar seo a reáchtáil.	
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

4.02 Dráma Gaeilge a léiriú

Teideal an Imeachta	Dráma Gaeilge a léiriú	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> An Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal trí mheán na drámaíochta Saibhreas teanga agus bród as a gcanúint dhúchais a mhéadú i measc an phobail 	
Cuspóirí	Dráma Gaeilge a léiriú i gcomhpháirtíocht leis an gcumann drámaíochta áitiúil	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> Aisteoirí agus foireann stáitse an chumainn drámaíochta An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta An comhordaitheoir teanga 	
Eagraí	<ul style="list-style-type: none"> CFID Cumann drámaíochta an cheantair An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta 	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> Labhair le baill Chumann Drámaíochta na Cille Móire faoin tionscadal agus pléigh dáta don dráma, ionad, foireann aisteoirí, foireann stáitse srl. Ba chóir foireann aisteoirí agus stáitse a chur le chéile a bheidh sásta an dráma a léiriú trí Ghaeilge oiread agus is féidir. Más gá, cuir fógra ar Facebook nó sa nuachtlitir ag rá go bhfuiltear ag lorg aisteoirí agus foireann léirithe don dráma. Nuir a bheidh foireann aisteoirí aimsithe (idir 4-6 ar a laghad) téigh i dteagmháil le Seán Ó Mórónaigh ón gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta. Tabhair eolas dó faoin fhoireann aisteoirí atá beartaithe, an suíomh srl agus eagraigh cruinniú leis féin, an comhordaitheoir teanga, stiúrthóir agus léiritheoir an dráma. Pléigh na féidearthachtaí ó thaobh dhrámaí de. Nuir a bheidh dráma roghnaithe, fág faoin stiúrthóir / léiritheoir é oíche agus am do chleachtadh an dráma a eagrú. Cuir tacaíocht agus comhairle ar fáil do stiúrthóir an dráma ó thaobh na Gaeilge de más gá agus suigh isteach ar chleachtadh uair nó dhó sna seachtainí roimh an dráma. Más dráma gearr a bheidh i gceist déan iarracht ceoltóirí agus amhránaithe áitiúla a eagrú don oíche le cur leis an siamsaíocht a bheidh ar fáil. Déan poiblíocht ar an imeacht féin ar an suíomh idirlín ar Facebook, na nuachtlitreacha áitiúla, Erris Eye srl. Pléigh socruithe don oíche féin - foireann, táille ar an doras, sólaistí srl. Déan <i>raffle</i> a eagrú don oíche. Déan an dráma a thairfeadh ar an oíche. Fiosraigh an scéal faoi dheiseanna eile an dráma céanna a léiriú timpeall an chontae nó timpeall na tíre. 	
Acmhainní agus seirbhísí ag teastáil	Earra	Le haimsiú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> Scripteanna do dhrámaí Gaeilge Stiúrthóir, léiritheoir agus foireann aisteoirí don dráma Duaiseanna don <i>raffle</i>. Sólaistí tar éis an imeachta 	
Moltaí maidir le stiúrthóirí / aisteoirí sa cheantar	Ainm	Sonraí teagmhála
Costais	Earra	Méid
	Costais taistil Propanna Cultacha Seit	
Foinsí Mäoinithe	Earra	Méid
Torthaí agus aiseolas		

4.03 Club Sóisialta Gaeilge do dhaoine fásta

Teideal an Imeachta	Club sóisialta Gaeilge do dhaoine fásta	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> • Deis a chur ar fáil do dhaoine an Ghaeilge a labhairt i suíomh neamhfhoirmiúil, spráíúil • Dearcadh dearfach a chothú i dtaobh na teanga 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> • Imeacht spráíúil a eagrú trí Ghaeilge uair sa mhí nó mar sin m.sh.; Babhláil, badmantan, rásaí curach, cnochadóireacht / siúlóid sléibhe threoraithe, iascaireacht, imeachtaí uisce, sealgaireacht (<i>foraging</i>), ceardlann damhsa ar an sean-nós, ceardlann amhránaíochta ar an sean-nós, ceardlann ealaíon is ceardaíochta, turais, cluichí cártaí, béilí, grianghrafadóireacht agus mar sin de. (n.b. ní mór go mbeadh suim ag an bpobal sna himeachtaí agus éileamh orthu) 	
Rannpháirtithe	Muintir na háite	
Eagraí	<ul style="list-style-type: none"> • CFID • An club sóisialta 	
Fógraíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Suíomh idirlín agus leathanach Facebook Ionad Deirbhile • Erris Eye and The Western People • MWR FM • Suíomh eagraíochtaí Gaeilge • Suíomh www.meetup.com 	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Déan teagmháil le daoine éagsúla agus pléigh an smaoineamh leo. • Eagraí cruinniú le daoine a bhfuil spéis acu sa chlub agus pléigh roinnt féidearthachtaí leo. • Roghnaigh imeacht le déanamh agus déan cinneadh faoi dháta, áit agus am. • Pléigh socruithe taistil maidir le dul chuig an ionad – an mbeidh daoine ag tiomáint ann? An mbeidh bus ag teastáil? • Cé mhéad a chosnóidh an imeacht ar an duine? • Má bhíonn éascaitheoir ag teastáil téigh i dteagmháil leis an duine cuí agus déan cinnte go bhfuil siad ar fáil. Déan cinnte go bhfuil caighdeán Gaeilge an éascaitheora maith go leor. Pléigh táille, áiseanna agus socruithe don imeacht leo. • Dear póstaer don imeacht agus cuir ar Facebook é. • Déan cinnte go mbeidh duine a bhfuil Gaeilge aige ceaptha ag an gcomhordaitheoir teanga nó ionadaí ceaptha aige/aici i láthair ag an imeacht i gcónaí. • Suigh síos leis na daoine ag deireadh gach imeachta agus faigh a gcuid tuairimí ó dhaoine sa ghrúpa faoi imeachtaí eile. • Faigh sonraí teagmhála daoine nua go rialta agus cuir ar an liosta seolta iad. 	
Acmhainní ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> • Póstaer chun an imeacht a eagrú • Liosta moltaí maidir le himeachtaí ar féidir a chur timpeall • Liosta éascaitheoirí 	
Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> • Táille agus costas taistil éascaitheoirí • Costas an imeachta • Costas taistil 	
Moltaí maidir le héascaitheoirí áitiúla		Sonraí teagmhála
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

4.04 Airneán a eagrú

Teideal an Imeachta	Airneán a eagrú	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> • Deis a chur ar fáil don phobal Gaeilge a labhairt • Cultúr Gaelach agus saibhreas teanga a chur chun cinn trí na healaíona traidisiúnta • Suim an phobail a mhúscailt sna healaíona traidisiúnta seo, go háirithe an scéalaíocht, an amhránaíocht 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> • Oíche Airneáin a reáchtáil a áiríonn na rudáí seo a leanas: Comhrá, ceol, scéalaíocht, filíocht, amhránaíocht, damhsa 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Muintir na háite • Amhránaithe, scéalaithe, damhsóirí srl. 	
Eagraí	CFID	
Fógraíocht	Suíomh idirlín agus leathanach Facebook Ionad Deirbhile Nuachtlitreacha na bparóistí áitiúla	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Déan teagmháil le daoine áitiúla ar suim leo an ceol agus na healaíona traidisiúnta agus faigh amach an mbeadh suim acu oíche airneáin a reáchtáil go háirithe le linn an gheimhridh. D'fhéadfaí an airneán a reáchtáil mar chuid d'fhéile áitiúil nó mar imeacht ann féin. • Eagraigh cruinniú leis na daoine sin agus pléigh na féideartha leo agus pléigh téama don oíche m.sh. an fharraige, na hoileáin, imirce, síscéalta srl. Ní gá go mbeadh téama don oíche mar sin féin. • Cuir fógra amach ag rá go bhfuiltear ag cuartú ionchair ó dhaoine sa pharóiste a bheadh sásta scéal a insint, dán a rá, amhrán a chasadh, damhsa a dhéanamh, agallamh beirte a dhéanamh, lúibíní srl. • Socraigh ionad don airneán – in ionad pobail nó i dteach tábhairne mar shampla. Déan cinnte go bhfuil árachas ar fáil don ionad. • Abair leo go ndéanfar codanna den imeacht a thairfeadh má tá siad sásta leis sin. • Bíodh fear / bean an tí eagraithe don oíche. • Cuardaigh scéalta, amhráin, dánta srl. a oireann don téama agus roinn leis na taibheoirí (<i>performers</i>) iad. • Cuir clár le chéile don imeacht. 	
Acmhainní nó seirbhísí ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	<ul style="list-style-type: none"> • Amhráin thraidisiúnta • Córas fuaime don oíche (más gá) • Aíonna: ceoltóirí, damhsóirí srl. 	
Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> • Costas taistil aíonna áirithe • Soláistí don oíche 	
Moltaí maidir le ceoltóirí, aisteoirí, damhsóirí, agus aithriseoirí sa cheantar	Ainm	Sonraí teagmhála
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

4.05 Imeachtaí sóisialta áitiúla trí mheán na Gaeilge

Teideal an Imeachta	Imeachtaí sóisialta áitiúla trí mheán na Gaeilge	
Aidhmeanna	<ul style="list-style-type: none"> • Deiseanna labhartha Gaeilge a mhéadú sa cheantar • Dearcadh dearfach a chothú i dtaobh na teanga 	
Cuspóirí	<ul style="list-style-type: none"> • Imeachtaí áitiúla a dhéanamh trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach ar bhonn rialta. • Úsáid na Gaeilge a mhéadú i gclub nó i gcumann go buan 	
Rannpháirtithe	<ul style="list-style-type: none"> • Lucht eagraithe imeachtaí éagsúla • Muintir na háite • An comhordaitheoir teanga 	
Eagraí	<ul style="list-style-type: none"> • CFID • Coistí chlubanna agus chumainn áitiúla 	
Fógraíocht	<p>Suíomh idirlín agus Leathanach Facebook Ionad Deirbhile Suíomh Sheachtain na Gaeilge (www.snag.ie) Na nuachtáin & na hirisí áitiúla Póstaeir ina áiteanna poiblí</p>	
Le déanamh	Céimeanna	Freagracht ar:
	<ul style="list-style-type: none"> • Téigh i dteagmháil le lucht eagraithe imeachtaí éagsúla m.sh. an club cártaí, an coiste biongó, an club púil, an club saighead, srl. agus pléigh féidearthachtaí leo maidir le himeachtaí a reáchtáil trí Ghaeilge nó go dátheangach le linn Sheachtain na Gaeilge nó le linn na féile áitiúla. • Tabhair cuairt ar imeacht mar thaighde agus déan nótaí maidir leis na bealaí a bhféadfadh an club / an cumann úsáid na Gaeilge a mhéadú. • Pléigh an teanga a bheadh ag teastáil leis an imeacht a reáchtáil agus déan cárta beag a chur le chéile ar a bhfuil frásaí úsáideacha agus stór focal. • Má tá suim ag coiste agus baill an chumainn plean Gaeilge a chruthú, téigh tríd an próiseas leo .i. dialann teanga a choimeád srl. Pléigh na féidearthachtaí leis an gcoiste maidir le le húsáid na Gaeilge a mhéadú. 	
Acmhainní ag teastáil	Earra	Le socrú ag:
	Cártaí teanga dírithe ar an gclub	
Costais	Earra	Méid
	<ul style="list-style-type: none"> • Duaiseanna 	
Moltaí maidir le clubanna agus cumainn áitiúla	Ainm	Sonraí teagmhála
Nótaí		
Torthaí agus aiseolas		

Aguisín 3: Acmhainní Samplacha

Comhrá 1: Ag an gcuntar

Cúntóir:	Cén chaoi a bhfuil tú?	How are you
Custaiméir:	Go maith, go raibh maith agat, agus tú féin?	Good thanks and yourself?
Cúntóir:	Ó go breá anois, ag stróiceadh liom. Tá sé fuar amuigh ansin inniu nach bhfuil?	Oh fine, tipping away. It's cold out there isn't it?
Custaiméir:	Tá ach tá sé geallta níos fearr don lá amárach, chuala mé.	Yes but it's supposed to be better tomorrow I heard.
Cúntóir:	Sin go maith. Anois, an bhfuil mála uait?	That's good. Now do you need a bag?
Custaiméir:	Tá, ceann amháin más é do thoil é.	Yes one, please
Cúntóir:	Cinnte. Agus an bhfuil cárta dílseachta agat?	Sure and do you have a loyalty tag?
Custaiméir:	Níl.	No.
Cúntóir:	Sin go breá, sin €32.60 (tríocha dó euro, seasca) más é do thoil é.	
Custaiméir:	Cinnte, an féidir liom íoc le cárta?	
Cúntóir:	Is féidir cinnte, cuir isteach do chárta ansin. An bhfuil airgead tirim uait ar ais? Anois, cuir do uimhir Pin isteach ansin. Anois seo duit d'admháil, go raibh míle maith agat.	
Custaiméir:	Iontach, go raibh maith agat féin.	
Cúntóir:	Slán anois, tabhair aire.	
Custaiméir:	Slán.	

Comhrá 2: Rudaí a aimsiú sa siopa

Cúntóir:	An féidir liom cuidiú leat?
Custaiméir:	Tá mé ag lorg _____ le do thoil, an bhfuil siad agaibh?
Cúntóir:	Tá cinnte, síos an tríú phasáiste ansin ar an taobh chlé, tá siad ag an mbarr. Taispeánfaidh mé duit é.
Custaiméir:	An bhfuil _____ agaibh?
Cúntóir:	Níl faoi láthair, tá brón orm, tá muid ag fanacht ar ordú.
Custaiméir:	Cathain a bheidh siad isteach?
Cúntóir:	Amárach nó Dé Luain ar a dhéanaí.
Custaiméir:	Maith go leor, go raibh maith agat.

Comhrá 3: Ag an deli

Cúntóir:	Céard ba mhaith leat?
Custaiméir:	Beidh rollóg agam le do thoil.
Cúntóir:	An mbeidh im nó maonáis agat?
Custaiméir:	Bláisín den dá rud, le do thoil.
Cúntóir:	Anois cad ba mhaith leat ar an rollóg?
Custaiméir:	Liamhás, cáis, agus píosa beag cáslá más é do thoil é.
Cúntóir:	Cinnte. Anois an ngearrfaidh mé in dhá leath duit é?
Custaiméir:	Le do thoil.
Cúntóir:	Anois, seo duit.
Custaiméir:	Iontach, go raibh míle maith agat.
Cúntóir:	Go ndéana a mhaith duit

Aguisín 4: Féilire bliantúil

Mí	Imeacht / Ócáid
Eanáir	Snámh Cinn Bliana, Ceardlann Crosóga Bhríde
Feabhra	
Márta	Seachtain na Gaeilge , Lá Spraoi, Paráid Lá Fhéile Pádraig, Oscail do Bhéal
Aibreán	An Cháisc - Aifreann Breacadh an Lae
Bealtaine	Lá Mhaigh Eo, An Picnic Mór, Féile Clann Lir, críoch na clubanna
Meitheamh	Erris Beo Festival, Rás na hEachléime 10K
Iúil	Gnóthai as Gaeilge, Campaí Samhraidh Iorrais, Féile Iorras
Lúnasa	Féile na hEachléime, Campaí Samhraidh Iorrais
Meán Fómhair	Tús club óige, club na déaga, club na géaga
Deireadh Fómhair	Hallow'een Activities
Samhain	
Nollaig	Lá Spraoi na Nollag , Dinnéar na Nollag don aosach

Cheap Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim Teo. comhordaitheoir teanga i mí Feabhra 2014 mar chuid de na hiarrachtaí pleanála teanga Gaeilge atá ar siúl go leanúnach ag an gComharchumann. Ba é an príomhchúram a bhí ar an gcomhordaitheoir ná scéim phiólótach Ghaeilge a chur i bhfeidhm le gnólachtaí agus eagraíochtaí áitiúla i bParóiste na Cille Móire agus i bParóiste Bhéal an Mhuirthead, ag baint úsáide as an lámhleabhar An Ghaeilge: Cen Fáth? (Ní Dhúda, 2013). Tugtar eolas sa tuarascáil seo maidir le gníomhaíochtaí a tugadh fúthu le linn thréimhse an cheapacháin chomh maith le nithe a tugadh faoi deara agus moltaí atá déanta ag an gcomhordaitheoir.

In February 2014, Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile appointed a Language Co-ordinator as part of the ongoing language planning efforts being undertaken by the organisation. The main brief of the co-ordinator was to implement an Irish language pilot scheme with local businesses and organisations in the parishes of Kilmore and Belmullet using the handbook An Ghaeilge: Cen fáth? (Ní Dhúda 2013). This report contains information on activities carried out throughout the duration of the scheme as well as observations and recommendations made by the co-ordinator.

© Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile, An Eachléim, An Fód Dubh, Co. Mhaigh Eo
097 85727 // eolas@ionaddeirbhile.ie

Bród d'ár nOidhreacht



Fiontar Chomhraic Teo.



Údarás na Gaeltachta



Foras na Gaeilge